

# Athbhreithniú luath ar chur i bhfeidhm na Sonraíochtaí Gaeilge T1 agus T2 don tSraith Shóisearach



Colm Mac Gearailt agus Pádraig Ó Duibhir

SEALBHÚ

## Clár an Ábhair

Clár an Ábhair.....	1
1. Réamhrá.....	3
1.1 Comhthéacs .....	3
2. Modheolaíocht.....	6
2.1 Suirbhé na múinteoirí .....	6
2.2 Grúpaí fócais na múinteoirí.....	9
2.3 Grúpaí fócais na ndaltaí .....	9
2.4 Aighneachtaí ó Pháirtithe Leasmhara .....	9
3. Torthaí agus Anailís.....	10
3.1 Cé chomh maith agus a théann na sonraíochtaí go croí na foghlama a bhfuiltear ag súil léi laistigh den tSraith Shóisearach Ghaeilge, L1 agus L2 agus níos leithne laistigh den Chreat don tSraith Shóisearach? .....	10
3.1.1 An tSonraíocht go ginearálta .....	10
3.1.2 Buanna na sonraíochtaí .....	14
3.1.3 Torthaí foghlama.....	15
3.1.4 Athruithe ar na sonraíochtaí .....	18
3.1.5 Achoimre.....	18
3.2 Na heilimintí de na measúnaithe rang-bhunaithe laistigh de na sonraíochtaí, mar a bhíonn taithí ag scoláirí agus múinteoirí orthu.....	19
3.2.1 Measúnú Rangbhunaithe 1 (An Punann).....	19
3.2.2 Measúnú Rangbhunaithe 2: An Tasc cumarsáideach .....	21
3.2.3 An Tasc Measúnaithe .....	26
3.2.4 Obair ó bhéal sa seomra ranga .....	28
3.2.5 Cúrsaí measúnaithe i gcoitinne .....	29
3.2.6 Achoimre.....	31
3.3 Na bealaí éagsúla ina a bhfuil múinteoirí ag baint úsáide as a mbreithiúnais ghairmiúil chun na sonraíochtaí nua a chur i bhfeidhm ina scoileanna agus ina ranganna.....	32
3.3.1 Seánraí litríochta .....	32

3.3.2	Scrúduithe .....	43
3.3.3	Achoimre.....	47
3.4	Taithí na ndaltaí agus na múinteoirí ar sholáthar difreáilte ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí 47	
3.4.1	Achoimre.....	50
3.5	Peirspictíochtaí ar an aistriú ó Ghaeilge na bunscoile go Gaeilge na Sraithe Sóisearaí, agus ó Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí go Gaeilge na Sraithe Sinsearaí don chohórt seo agus do chohóirt amach anseo .....	51
3.5.1	Achoimre.....	55
3.6	Ábhair eile a tháinig chun cinn sa taighde .....	56
3.6.1	Tionchar COVID-19.....	56
3.6.2	Aitheantas don obair labhartha .....	57
3.6.3	Tacaíocht do chur i bhfeidhm na sonraíochtaí .....	60
3.6.4	Fráma Tagartha Comónta Eorpach (FTCE) .....	62
4.	Tátal .....	63
5.	Aguisín A: Suirbhé na múinteoirí .....	65
6.	Aguisín B: Ceisteanna do Ghrúpaí Fócais na Múinteoirí.....	77
7.	Aguisín C: Ceisteanna do Ghrúpaí Fócais na nDaltaí.....	79

## 1. Réamhrá

D'éascair an taighde seo as iarratas ón gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta athbhreithniú luath a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na sonraíochtaí Gaeilge T1 agus T2 don An tSraith Shóisearach. Is é aidhm na tuairisce ná tuairimí mhúinteoirí, daltaí, agus páirtithe leasmhara a bhailiú maidir le Sonraíochtaí Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí a tugadh isteach i Meán Fómhair 2017. Thug foireann SEALBHÚ faoin obair seo idir Feabhra agus Meitheamh 2022. Bailíodh an t-eolas don athbhreithniú seo trí shuirbhé ar líne a chur ar fáil do mhúinteoirí, turais a thabhairt ar scoileanna le grúpaí fócais a réachtáil le daltaí, grúpaí fócais ar líne a eagrú le múinteoirí, agus ó aighneachtaí scríofa ó pháirtithe leasmhara an oideachais.

Táimid thar a bheith buíoch do na múinteoirí agus na scoláirí a ghlac páirt sa taighde agus an tacaíocht a thug siad dúinn le linn thréimhse dhúshlánach agus líon ard den víreas Corónach sa phobal. Léiríonn an leibhéal rannpháirtíochta a tuairiscítear thíos suim agus dúthracht na múinteoirí i dteagasc agus foghlaim na Gaeilge.

Leagtar an tuarascáil seo amach i gceithre chuid. I ndiaidh an réamhrá seo cuirtear modheolaíocht an taighde i láthair. Ina dhiaidh sin, cuirtear na torthaí ó na foinsí éagsúla i láthair agus déantar anailís orthu. Ar deireadh baintear tatal as na torthaí a tháinig chun cinn sa taighde.

### 1.1 Comhthéacs

In 2015 bailíodh aiseolas trí chomhairliúchán poiblí ó gheallsealbhóirí oideachasúla agus na Gaeilge mar aon leis an bpobal i gcoitinne ar shonraíocht choitianta amháin do Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí. Leag an t-aiseolas seo béim ar an ngá atá le leanúnachas i bhfoghlaim na Gaeilge ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil agus ar idirdhealú i bhfoghlaim, i dteagasc agus i measúnú i gcomhthéacsanna T1/T2. Ag eascairt as an aiseolas seo forbraíodh sonraíochtaí idirdhealaithe T1 agus T2 do Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí. Baineann na lipéid T1 agus T2 le teanga teagaisc agus comhthéacs foghlama na scoile seachas le cúlra teanga na bpáistí. Tá an tsonraíocht T1 dírithe ar chainteoirí dúchais agus ar fhoghlaimeoirí i scoileanna Gaeltachta agus ar scoláirí san earnáil a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge (Gaelcholáistí agus Aonaid lán-Ghaeilge), i gcoitinne. Is ar scoláirí a bhfuil an Ghaeilge á saothrú acu mar dhara teanga go príomha agus atá i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla, atá an tsonraíocht T2 dírithe. Cuireadh i bhfeidhm iad sna scoileanna i Meán Fómhair 2017 mar chuid de Chéim 3 de thabhairt isteach na sonraíochtaí nua ábhair.

D'fhonn leanúnachas a chinntiú idir bhlianta deireanacha na bunscoile agus an tsraith shóisearach socraíodh bogadh ó shonrúchán amháin do gach dalta chuig dhá shonraíocht, T1 agus T2, de réir teanga teagaisc na scoile. Anuas air sin, thosaigh obair in 2018 ar shonraíochtaí idirdhealaithe don

Ardeistiméireacht. D'fhoilsigh an CNCM dréacht sonraíochtaí don Ardeistiméireacht i mí na Samhna 2020 do chomhairliúchán poiblí. Mar chuid den chomhairliúchán sin, lorgaíodh aiseolas faoi chur i bhfeidhm na sonraíochtaí T1 agus T2 Gaeilge na Sraithe Sóisearaí agus an méid a bhí le foghlaim uaidh a bheadh ábhartha don Ardeistiméireacht.

Bhí athbhreithniú ar shonraíochtaí nua na Sraithe Sóisearaí le tosú a luaithe is a raibh timthriall iomlán de thrí bliana teagasc, foghlaim agus measúnú curtha i gcrích ag cohórt amháin scoláirí i Meán Fómhair 2020. Mar gheall ar an gcur isteach a tharla de thoradh na paindéime Covid-19, cinneadh an t-athbhreithniú sin a chur siar go dtí go raibh trí bliana iomlána teagasc agus foghlama faighte ag cohórt amháin daltaí, mar a beartaíodh ar dtús, ag baint úsáide as na sonraíochtaí nua. D'iarr rannpháirtithe sa chomhairliúchán ar shonraíochtaí na hArdeistiméireachta T1 agus T2, áfach, go ndéanfaí an t-athbhreithniú seo, fiú amháin chun léargas páirteach a thabhairt ar chur i bhfeidhm na sonraíochtaí nua, mar gur measadh go mbeadh na léargais seo úsáideach chun na chéad chéimeanna eile a chur ar fáil ag leibhéal na hArdeistiméireachta. Ar an ábhar sin, in ainneoin cur isteach leanúnach ar cúrsaí scolaíochta mar gheall ar phaindéim Covid-19, cinneadh dul ar aghaidh le hathbhreithniú luath ar chur i bhfeidhm na sonraíochtaí Gaeilge T1 agus T2 na Sraithe Sóisearaí idir Feabhra agus Meitheamh 2022.

Cuireadh sonraíochtaí nua Gaeilge na Sraithe Sóisearaí i bhfeidhm den chéad uair in 2017, tráth a raibh aighneas tionsclaíoch ag teacht chun deiridh. Mar thoradh air seo, níor thug roinnt múinteoirí faoi fhorbairt ghairmiúil leanúnach ar na sonraíochtaí nua go dtí earrach na bliana 2017, rud a d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar chur i bhfeidhm tosaigh na sonraíochtaí.

Sular cuireadh an Creat don tSraith Shóisearach agus sonraíochtaí nua Gaeilge na Sraithe Sóisearaí, bhí sé de rogha ag múinteoirí béaltriall scoilbhunaithe a dhéanamh arbh fhiú 40% de na marcanna é. Sa bhéaltriall scoilbhunaithe seo bhí sé i gceist go ndéanfadh an múinteoir inniúlacht cainte na ndaltaí a scrúdú. Cé nár thug ach níos lú ná 1% den chohórt in 2005 faoin mbéaltriall roghnach tháinig fás mór ar an gcéatadán sin i gcaitheamh na mblianta agus thug thart fá 40% de dhaltaí faoin mbéaltriall in 2016. Ardaíodh céatadán na marcanna don bhéaltriall i Scrúdú na hArdeistiméireachta in 2012 agus is dócha go raibh tionchar aige seo ar an bhfás ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí.

De bharr na paindéime, Covid-19, ní raibh taithí faighte ag daltaí agus múinteoirí ar gach gné de na sonraíochtaí nua agus cuireadh isteach go mór ar a n-eispéiris theagasc agus foghlama. B'éigean do na scoileanna dúnadh ar feadh tréimhsí le linn na paindéime agus úsáid a bhaint as teagasc cumaisc. Ní raibh an rochtain chéanna ag gach dalta ar acmhainní ar líne agus bhí idir múinteoirí agus daltaí as láthair ó am go chéile de bharr an víreas a bheith tolgtha acu.. Níor cuireadh scrúdaithe stáit in aon ábhar don tSraith Shóisearach sna blianta 2020 agus 2021 (ach amháin lucht luathfhágála scoile agus foghlaimeoirí fásta) agus ní raibh cohórt ar bith tar éis cur amach a fháil ar thimthriall thrí bliana na


Sraithe Sóisearaí de réir mar a bhí beartaithe sna sonraíochta tráth a raibh an t-athbhreithniú luath seo ar siúl. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag na cúinsí seo ar an aiseolas a fuarthas ó rannpháirtithe. Ach amháin an phaindéim, bhí sé i gceist an t-athbhreithniú luath seo a dhéanamh in 2020. Cé go bhfuil luach ag baint le tuairimí na páirtithe leasmhara ag an bpointe seo, ní mór na srianta seo a chur san áireamh agus tátail á mbaint astu. “Níorbh fhéidir don Chigireacht leanúint leis an gnáthsceideal de mheastóireachtaí sna scoileanna” ach oiread. Ag cur na fachtóirí ar fad san áireamh, b'fhéidir go mbeidh gá le hathbhreithniú eile nuair a bheidh cohórt iomlán dalta tar éis taithí a bheith acu ar gach gné den chúrsa.

## 2. Modheolaíocht

### 2.1 Suirbhé na múinteoirí

Cuireadh suirbhé cuimsitheach (féach Aguisín A) ar fáil ar líne do mhúinteoirí Gaeilge na Sraithe Sóisearaí (SS) chun a dtuairimí a bhailiú maidir le cur i bhfeidhm na sonraíochtaí Gaeilge T1 agus T2. Dhréachtaigh an fhoireann taighde suirbhé agus rinneadh é a phíolótú le grúpa beag múinteoirí. Cuireadh na moltaí a fuarthas i bhfeidhm agus seoladh nasc don suirbhé chuig gach iar-bhunscoil agus a scaipeadh ar na meáin shóisialta. Líon 911<sup>1</sup> múinteoir an suirbhé agus ba i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla a raibh 84% díobh ag teagasc, 11% i ngaelcholáistí lasmuigh den Ghaeltacht, 4% i scoileanna Gaeltachta, agus 1% in aonaid lán-Ghaeilge iar-bhunscoile mar a fheictear i bhFíor 1.

**Fíor 1.** Freagraí na múinteoirí ar an gcineál scoile inar mhúin siad (n=903)




Cé go raibh tromlach mór na múinteoirí, 761, ag múineadh i scoileanna meán-Bhéarla, bhí an 142 eile ag múineadh i suíomh T1. Bhí ionadaíocht mhaith mar sin ó mhúinteoirí a mhúin an dá shonraíocht agus tá sé sin ag teacht leis an eolas i bhFíor 2.

---


<sup>1</sup> Cé gur líon 911 múinteoir san iomlán an suirbhé, níor fhreagair an líon sin gach ceist. Ní rud neamhghnách é go stopfadh freagróir i lár an tsuirbhé agus é i gceist acu filleadh arís. Nuair a fhilleann freagróir leis an suirbhé a chomhlánú, aithníonn an bog ábhar seoladh IP an fhreagróra agus éascaíonn sé sin dóibh leanúint san áit ar stop siad. Le go gcomhlánódh freagróir níos mó ná uair amháin, bheadh orthu seoladh IP nua a úsáid.

**Fíor 2.** Na sonraíochtaí atá á múineadh ag na múinteoirí (n=911)



Faoi mar a bheifí ag súil leis, feictear i bhFíor 3 go raibh tromlach na múinteoirí (72%) ag múineadh i scoileanna ina raibh breis is 400 dalta ach bhí ionadaíocht mhaith ann ó scoileanna níos lú freisin.


**Fíor 3.** Líon na ndaltaí i scoileanna na rannpháirtithe (n=909)



Feictear i bhFíor 4 gur múinteoirí ab ea 85% de na freagróirí ach gur fhreagair go leor príomhoidí an suirbhé freisin. Ní raibh aon difríochtaí suntasacha le sonrú san anailís a rinneadh ar na freagraí de réir poist. Baintear úsáid as an téarma 'múinteoir' sa tuarascáil le cur síos a dhéanamh ar fhreagraí agus tuairimí na múinteoirí uilig beag beann ar an bpost a bhí acu.




**Fíor 4.** An post a bhí ag na rannpháirtithe (n=910)



Feictear in bhFíor 5 go raibh 276 (30.6%) de na rannpháirtithe ag múineadh ar feadh breis is 20 bliain. Bhí an 69.4% eile roinnte thar na catagóirí eile cúig bliain ó 0-20 bliain.

**Fíor 5.** Blianta taithí mhúinteoireachta na rannpháirtithe (n=901)



## 2.2 Grúpaí fócais na múinteoirí

Ag deireadh an tsuirbhé, tugadh cuireadh do mhúinteoirí páirt a ghlacadh i ngrúpa fócais ar líne chun iniúchadh níos doimhne a dhéanamh ar na príomhthéamaí a tháinig chun cinn sa suirbhé (féach Aguisín B). Tugadh cuireadh don 104 múinteoir a léirigh suim sa ghrúpa fócais agus ar deireadh reáchtáladh ocht ngrúpa fócais inar ghlac 31 múinteoir páirt ann, 24 múinteoirí T2 agus 7 T1. Déantar na tuairimí a nocht na múinteoirí sna grúpaí fócais a shníomh isteach leis na torthaí ón suirbhé.

## 2.3 Grúpaí fócais na ndaltaí

Bhí sé thar a bheith tábhachtach tuairimí na ndaltaí i dtaobh na sonraíochtaí a bhailiú agus chuige sin d’eagraíomar 12 grúpa fócais inar ghlac 97 dalta Bliain 4 agus Bliain 5 páirt ann (féach Aguisín C). Eagraíodh seacht gcinn de na grúpaí fócais i scoileanna T2 (n=60) agus cúig cinn i scoileanna T1 (n=37). Bhí cúlraí éagsúla sna scoileanna seo maidir le stádas socheacnamaíoch - scoileanna príobháideacha agus DEIS, scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge, scoileanna faoi réimse leathan pátrúnachta. Cuirtear tuairimí na ndaltaí i láthair i gcomhthéacs na dtéamaí éagsúla a tháinig chun cinn sa taighde.

## 2.4 Aighneachtaí ó Pháirtithe Leasmhara

Fuarthas aighneachtaí ó An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG), An Gréasán do Mhúinteoirí Gaeilge (An Gréasán), An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM) Cigireacht na Roinne Oideachais (An Chigireacht). Cuirtear na tuairimí a fuarthas sna haighneachtaí i láthair i gcomhthéacs na dtéamaí a tháinig chun cinn san anailís.

### 3. Torthaí agus Anailís

Bhí sé mar chuspóir ag SEALBHÚ aiseolas a bhailiú ó na rannpháirtithe ar na príomhnithe seo a leanas a mheas agus a fhiosrú agus leagtar amach an rannóg seo de réir na gceannteidil thíos. Tháinig ábhair eile chun cinn sa taighde agus pléitear iad sa séú rannóg thíos.

- 1) Cé chomh maith agus a théann na sonraíochtaí go croí na foghlama a bhfuiltear ag súil léi laistigh den tSraith Shóisearach Ghaeilge, L1 agus L2 agus níos leithne laistigh den Chreat don tSraith Shóisearach?
- 2) Na heilimintí de na measúnaithe rang-bhunaithe laistigh de na sonraíochtaí, mar a bhíonn taitní ag scoláirí agus múinteoirí orthu
- 3) Na bealaí éagsúla ina bhfuil múinteoirí ag baint úsáide as a mbreithiúnais ghairmiúil chun na sonraíochtaí nua a chur i bhfeidhm ina scoileanna agus ina ranganna
- 4) Taitní na scoláirí agus na múinteoirí ar sholáthar difreáilte ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí
- 5) Peirspictíochtaí ar an aistriú ó Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí go Gaeilge na Sraithe Sinsearaí don chohórt seo agus do chohóirt amach anseo
- 6) Ábhair eile a tháinig chun cinn sa taighde

#### 3.1 Cé chomh maith agus a théann na sonraíochtaí go croí na foghlama a bhfuiltear ag súil léi laistigh den tSraith Shóisearach Ghaeilge, L1 agus L2 agus níos leithne laistigh den Chreat don tSraith Shóisearach?

##### 3.1.1 *An tSonraíocht go ginearálta*

Is í aidhm sonraíochtaí Gaeilge na Sraithe Sóisearaí, mar atá leagtha amach, go bhforbraíonn, daingníonn agus leathnaíonn na scoláirí a dtuiscint ar an nGaeilge. Cuirtear ar chumas an dalta cumarsáid éifeachtach, idirghníomhach, mhúineach a dhéanamh i suímh fhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla an phobail teanga. Cuirtear béim ar chothú agus ar fhorbairt na feasachta: an fheasacht teanga, an fheasacht chultúrtha mar aon le féinfheasacht an scoláire mar fhoghlaiméir teanga. Féachtar chun na scileanna a thugann an scoláire leis go dtí an iar-bhunscoil a bhuanú agus a fhorbairt. Cuirtear ar chumas an scoláire úinéireacht a ghlacadh ar a fhoghlaim féin, cumas a sheasfaidh leis sa saol.


Sa bhreis ar eolas saineúil, cothaíonn ábhair agus gearrchúrsaí na sraithe sóisearaí deiseanna chun raon príomhscileanna a fhorbairt. Tá féidearthachtaí ann sna sonraíochtaí Gaeilge T1 agus T2 tacú le forbairt na bpríomhscileanna. Léiríonn Fíor 6 na hocht bpríomhscil agus na gnéithe a nascann le gníomhaíochtaí foghlama na Gaeilge

## Fíor 6. Na hocht bpríomhscil agus na gnéithe a nascann le gníomhaíochtaí foghlama na Gaeilge

Léiríonn na samplaí thíos cuid de na gnéithe a nascann le gníomhaíochtaí foghlama sa Ghaeilge.		
Tábla 2: Gaeilge na Sraithe Sóisearaí agus na príomhscileanna		
Príomhscil	Gnéithe na príomhscile	Samplaí de ghníomhaíocht foghlama an scoláire
A bheith cruthaitheach	Ag foghlaim go cruthaitheach	Mar úsáideoir teanga beidh deiseanna ag an scoláire cioradh a dhéanamh ar raon gnéithe a bhaineann leis an teanga agus leis an gcultúr. Bainfidh sé leas as meáin éagsúla, teicneolaíocht dhigiteach san áireamh, chun dearcthaí a chioradh agus chun smaointe a léiriú ar bhealach cruthaitheach.
A bheith liteartha	Smaointe a chur in iúl go soiléir agus le cruinneas Téacsanna éagsúla a fhiosrú agus a chruthú, lena n-áirítear téacsanna ilmhódacha	Agus an scoláire ag dul i ngleic le raon leathan téacsanna (téacsanna ilmhódacha san áireamh) forbróidh sé feasacht níos grinne maidir le conas a oibríonn teanga. Cuirfidh sé seo ar a chumas roghanna oílte teanga a dhéanamh chun é féin a chur in iúl, chun eolas agus smaointe a aimsiú, a úsáid agus a roinnt. Trí bheith páirteach i gcumarsáid idirghníomhach forbróidh an scoláire bunchlocha na hidirghníomhaíochta cainte; scileanna éisteachta agus labhartha. Tabharfaidh an scoláire faoi phleanáil, dréachtú agus scríbhneoireacht i réimse seánraí ag léiriú feasachta atá ag dul i méid ar spriocghrúpa agus stíl.
A bheith uimheartha	Patrúin, treochtaí agus coibhneas a fheiceáil	Tabharfaidh an scoláire faoi ghníomhaíochtaí foghlama teanga ar nós eolas a bhailiú ó shuirbhéanna agus ó cheistneoirí sa rang. Bainfidh an scoláire leas as an nuatheicneolaíocht dhigiteach chun eolas a lorg, a bhailiú, a mheas agus chun úsáid a bhaint as an eolas sin trí chur síos nó trí chur i láthair. Rachaidh sé i ngleic le coincheapa cainníochtúla agus gnéithe den uimhriocht nó den tomhas feidhmeach. Aithneoidh sé patrúin teanga i dtéacsanna, téacsanna liteartha san áireamh.
Cumarsáid	Teanga a úsáid	Cuirfidh an scoláire feabhas ar a scileanna cumarsáide trí bheith ag úsáid teanga a bhaineann lena shaol féin agus leis an saol i gcoitinne. Gheobhaidh sé taithí ar a bheith ag cur faisnéise agus tuairimí i láthair ar a shon féin nó ar son grúpa trí mheán na Gaeilge.
Eolas agus smaointeoireacht a bhainistiú	Athmhachnamh agus meastóireacht ar mo chuid foghlama	Déanfaidh an scoláire machnamh agus meastóireacht ar aiseolas faighte trí fhéinmheasúnú nó trí phiarmheasúnú (ó scoláirí eile) agus aiseolas ó mhúinteoirí chun teacht ar shlite inar féidir leis a bheith níos cruinne ina tháirgeadh teanga féin (scríofa agus labhartha) agus níos feasaí air féin mar fhoghlaiméir teanga.
Mé féin a bhainistiú	Spriocanna pearsanta a shocrú agus a bhaint amach	Tuigfidh an scoláire an tábhacht a bhaineann le machnamh, le heagar agus le soiléireacht ar mhaithe le spriocanna a bhaint amach go héifeachtach agus in am agus é ag plé agus ag cruthú téacsanna Gaeilge.
Fanacht folláin	A bheith dearfach faoin bhfoghlaim	Forbróidh an scoláire meon dearfach i leith foghlaim na teanga agus é ag dul i ngleic le tascanna agus gníomhaíochtaí éagsúla teanga agus ag machnamh air féin mar fhoghlaiméir teanga.
Obair le daoine eile	Foghlaim le daoine eile	Rachaidh an scoláire i gcomhairle agus i gcompháirt lena chomhfhoghlaiméirí agus le daoine eile chun sochair a fhoghlama féin agus foghlaim a chéile. Tuigfidh an scoláire a thábhachtaí is a thairbhí is atá sé éisteacht le daoine eile agus a bheith measúil orthu agus é ag cur raon leathan de ghníomhaíochtaí agus tascanna i gcrích.


Cuireadh ceist ar na múinteoirí ar chabhraigh an tSonraíocht le daltaí na heochairscileanna atá leagtha amach sa Chreat don tSraith Shóisearach a bhaint amach. Léirítear i bhFíor 7 nár cheap 84% de mhúinteoirí T2 gur chabhraigh na sonraíochtaí sa réimse seo.

**Fíor 7.** Cabhraíonn an tSonraíocht T2 le daltaí na heochairsbileanna atá leagtha amach sa Chreat don tSraith Shóisearach a bhaint amach (n=603)



Maidir le múinteoirí T1, léirítear i bhFíor 8 gur cheap 31% acu gur chabhraigh an tSonraíocht le daltaí na heochairsbileanna atá leagtha amach sa Chreat don tSraith Shóisearach a bhaint amach.

**Fíor 8.** Cabhraíonn an tSonraíocht T1 le daltaí na heochairsbileanna atá leagtha amach sa Chreat don tSraith Shóisearach a bhaint amach (n=115)




Mheas roinnt múinteoirí go gcabhródh sé dá mbeadh cur síos ar chuid de na topaicí a bheadh le clúdach ag na daltaí ar nós an ilchultúrachais. Mar a dúirt múinteoir amháin a bhíonn ag plé le topaicí níos bunúsaí dar léi.

Ba mhaith liomsa go mbeadh siad ábalta labhairt agus scríobh faoina saol. Tá siad ábalta labhairt agus scríobh ach tá siad míchruinn. Bíonn ormsa obair le rudaí a bhaineann leis an ngnáthshaol agus rudaí cosúil leis an teicneolaíocht, tábhacht an spóirt, an tábhacht a bhaineann le bia sláintiúil. Sin an sórt rud a bhíonn mise ag díriú air, ní ar an ilchultúrachas. Tá sé sin iontach suimiúil ach níl mo chuid daltaí ag an leibhéal sin go fóill. (Múinteoir T1, Grúpa Fócais)

Cuireadh roinnt ceistanna ar na múinteoirí chun a gcuid tuairimí a fháil maidir leis an tSonraíocht go ginearálta (Ceist 8 T2 & T1). Léirítear i bhFíor 8 na freagraí a thug na múinteoirí maidir le Sonraíocht T2. D’easaontaigh 96% de mhúinteoirí go raibh siad sásta leis an tSonraíocht reatha Gaeilge T2 ar an iomlán, 78% acu ag easaontú go mór. Níor cheap 95% de mhúinteoirí gur chéim chun cinn dearfach é an tSonraíocht reatha Gaeilge T2 i gcomparáid leis an seanchóras agus 77% acu ag easaontú go mór. Bhí trí cheathrú díobh (75%) den tuairim nár leag an tSonraíocht T2 amach go soiléir cad atá le foghlaim ag daltaí sa Ghaeilge don tSraith Shóisearach.

**Fíor 9.** Tuairimí na múinteoirí maidir le Sonraíocht T2 go ginearálta (n=604)




Feictear mar sin go raibh na múinteoirí míshásta ar an iomlán maidir le Sonraíocht T2 go ginearálta. Bunaithe ar aiseolas na ndaltaí sna grúpaí fócais, bhí aontú ginearálta uathu go raibh an iomad le clúdach ar an gcúrsa. Tagann sé seo le tuairimí na múinteoirí nach raibh a dhóthain ama ar fáil chun na scileanna teanga uile a fhorbairt mar ba mhaith leo.

Mar a dúirt cailín amháin: “I felt like there were a lot of topics, and that it moved kinda fast. It was hard to like, learn all the vocab and stuff ... there was a lot in it [The course]” (Dalta T2, Grúpa Fócais). Thacaigh dalta eile leis an tuairim sin:

I feel like we didn't go back to a lot of topics. Like, we would just keep moving on. And only when we had the assessments, that's when we would start going back ... I feel like we just had to get everything done ... and I don't think we had a lot of time to actually get into the topic. (Dalta T2, Grúpa Fócais)

D'fhreagair múinteoirí i scoileanna T1 na ceisteanna faoi Shonraíocht T1 go ginearálta agus feictear i bhFíor 10 go raibh siad míshásta freisin ach nach raibh an leibhéal míshástachta chomh láidir céanna. D'éasaontaigh 91% de mhúinteoirí go raibh siad sásta leis an tSonraíocht reatha Gaeilge T1, 56% acu ag easaontú go mór. Níor cheap 91% de mhúinteoirí gur céim chun cinn dearfach é an tSonraíocht reatha Gaeilge T1 i gcomparáid leis an seanchóras agus 59% acu ag easaontú go mór. Bhí 66% den tuairim nár leag an tSonraíocht T1 amach go soiléir cad atá le foghlaim ag daltaí sa Ghaeilge don tSraith Shóisearach.

**Fíor 10.** Tuairimí na múinteoirí maidir le Sonraíocht T1 go ginearálta (n=114)



Cuireadh dhá cheist oscailte ar mhúinteoirí T2 agus T1 sa suirbhé a bhain le buanna na sonraíochtaí agus na hathruithe a mhol múinteoirí orthu.

### 3.1.2 Buanna na sonraíochtaí

#### Suirbhé na múinteoirí T2

Ghlac 388 múinteoir leis an deis an cheist oscailte (Ceist 9. T2) faoi bhuanna na sonraíochta T2 a fhreagairt – *Cad iad na buanna atá ag Sonraíocht reatha T2 Gaeilge?* Na príomhthéamaí a tháinig chun cinn ón 252 múinteoir a cheap go raibh buanna ag Sonraíocht T2 ná an litríocht (109), na measúnaithe rangbhunaithe (MRB) (48), an t-athmhachnamh agus an féinfhoghlaim (24) agus an scannán i mBliain 1. Bhí múinteoirí eile a cheap nach raibh aon bhua ag baint leis dar leo.

### *Suirbhé na múinteoirí T1*

Ghlac 76 múinteoir leis an deis an cheist oscailte (Ceist 9. T1) faoi bhuanna na sonraíochta T1 a fhreagairt – *Cad iad na buanna atá ag Sonraíocht reatha T1 Gaeilge?* Mheas 56 múinteoir as an 76 go raibh buanna ag baint leis an tsonraíocht. Na príomhthéamaí a tháinig chun cinn ná an litríocht, na measúnaithe rangbhunaithe (MRB), an gá atá le scrúdú cainte, feasacht teanga agus cruinneas na Gaeilge, solúbthacht an ábhair, an rogha litríochta, an t-athmhachnamh agus an féinfhoghlaim. D'fhreagair roinnt múinteoirí nár mheas siad go raibh aon bhua ann dar leo.

Bunaithe ar líon íseal de thuairiscí chigireachta ábhair de bharr na paidéime Covid 19, mheas An Chigireacht “go bhfuil cur i bhfeidhm na sonraíochtaí ag dul chun tairbhe do cháilíocht eispéireas foghlama na scoláirí agus do chleachtas chomhoibríoch múinteoirí i leith na pleanála don fhoghlaim, don teagasc agus don mheasúnú” (Aighneacht na Cigireachta). Chonaic na cigirí ina gcuid breathnóireachta:

réimse níos leithne de mhodheolaíochtaí foghlama gníomhaí a bheith in úsáid a spreagann idirphlé sa sprioctheanga i measc scoláirí, agus cur chuige níos leithne i leith an mheasúnaithe ag cothú éagsúlacht sna straitéisí measúnaithe fhoirmithigh inranga chomh maith le rannpháirtíocht scoláirí ina bhfoghlaim féin a mheas. (Aighneacht na Cigireachta)

### **3.1.3 Torthaí foghlama**

Tá trí shnáithe sna sonraíochtaí T1 agus T2 Gaeilge don tSraith Shóisearach. Leagtar béim sna sonraíochtaí ar chur chuige comhtháite i bhforbairt na foghlama sna snáitheanna seo. Is ráitis iad na torthaí foghlama a chuireann síos ar an eolas, an tuiscint, na scileanna agus na luachanna ba chóir don dalta a bheith ábalta a thaispeáint i ndiaidh dó staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge sa tsraith shóisearach. Baineann na torthaí foghlama a leagtar amach sna sonraíochtaí le gach dalta. Faoi mar atá siad leagtha amach léiríonn siad torthaí don dalta ag deireadh na dtrí bliana staidéir. Leagtar béim sa tsonraíocht gur le haghaidh tréimhse trí bliana iad na torthaí foghlama agus dá bhrí sin nach mbeidh torthaí foghlama a ndírítear orthu ag pointe ama ar leith curtha i gcrích fós, ach go leanfaidh siad orthu ag tacú le foghlaim an dalta sa Ghaeilge go dtí deireadh na Sraithe Sóisearaí.

Mar a léirítear in aighneacht an SSM, “Roimh an leasú curaclaim ag leibhéal na sraithe sóisearaí, bhí taitní ag múinteoirí ar shiollabas Gaeilge a bhí bunaithe ar ghníomhaíochtaí, feidhmeanna, nóisín agus topaicí” (Aighneacht SSM). Dar leis an SSM, “aithníonn tuilleadh múinteoirí Gaeilge anois an buntáiste a bhaineann le pleanáil le torthaí foghlama ó na snáitheanna éagsúla agus na scileanna teanga difriúla ag tacú le, agus idirspéach ar, a chéile”. Mheas 82% de mhúinteoirí T2 sa suirbhé nár léirigh na torthaí foghlama go cruinn gach a bheidh daltaí in ann a thuiscint is a dhéanamh i leith na Gaeilge, i ndiaidh trí bliana na Sraithe Sóisearaí mar a fheictear i bhFíor 11. D’aontaigh 86% nach raibh sé éasca



foclaíocht na dtorthaí foghlama a thuiscint mar a fheictear i bhFíor 11. Ní bhfuair 80% acu na torthaí foghlama cabhrach i leith pleanáil don mhúineadh, foghlaim, measúnú, is tuairisciú. Ní raibh 85% díobh sásta le líon na dtorthaí foghlama atá ar fáil sa tSonraíocht T2. Thacaigh múinteoir i ngrúpa fócais leis na tuairimí seo agus é á rá:


Athbhreithniú iomlán ar na torthaí foghlama, i dtús báire. Iad a dhéanamh níos simplí, níos oiriúnaí, agus a bheith i bhfad níos gonta. Chomh maith leis sin, sílim go bhfuil gá go mbeidh forbairt déanta ar an ábhar, ar na téamaí is na topaicí a bheidh ag eascairt as na torthaí foghlama, agus go mbeidh treoir ann, maidir leis na cineál stíleanna scríbhneoireachta ba cheart a bheith ar eolas ag daltaí. (Múinteoir T2, Grúpa Fócais)

Ní raibh gach múinteoir míshásta le leagan amach na dtorthaí foghlama ag na grúpaí fócais ach theastaigh tuilleadh treorach uathu:

Tá siad [na torthaí foghlama] sásúil. Ach gan dabht ar bith, níl aon treoir maidir le topaicí. Tá sé an-oscailte, ró-oscailte, agus ar a laghad ba chóir go mbeadh treoir áirithe ann... táimid ag déileáil le déagóirí óga anseo agus ba chóir go mbeadh treoir ann faoi cén cineál ábhair go mbeidís ábalta cur síos air: iad féin, a gclann, a scoil ... Níl sé sin sa Sonraíocht. (Múinteoir T2, Grúpa Fócais)


Léirítear i bhFíor 11 freisin gur aontaigh 93% de mhúinteoirí T2 sa suirbhé go mba chóir treoir a chur ar fáil faoi na hábhair, na téamaí, agus na topaicí a bheidh ag eascairt as na torthaí foghlama.

**Fíor 11.** Tuairimí mhúinteoirí T2 maidir leis na Torthaí Foghlama (n=604)



Léirítear i bhFíor 12 gur mheas 62% de mhúinteoirí T1 nár léirigh na torthaí foghlama go cruinn gach a bheidh daltaí in ann a thuiscint is a dhéanamh i leith na Gaeilge, i ndiaidh trí bliana na Sraithe Sóisearaí agus d'aontaigh 78% nach raibh sé éasca foclaíocht na dtorthaí foghlama a thuiscint. Ní bhfuair 72% acu na torthaí foghlama cabhrach i leith pleanáil don mhúineadh, foghlaim, measúnú, is tuairisciú. Ní raibh 86% díobh sásta le líon na dtorthaí foghlama atá ar fáil sa tSonraíocht T1. Luaignear mór múinteoirí go mba chóir treoir a chur ar fáil faoi na hábhair, na téamaí, agus na topaicí a bheidh ag eascairt as na torthaí foghlama.

**Fíor 12.** Tuairimí mhúinteoirí T1 maidir leis na Torthaí Foghlama (n=114)



Bhí na múinteoirí sna grúpaí fócais ag teacht leis na tuairimí seo mar a dúirt na múinteoirí seo a leanas:

Tá 52 toradh foghlama le baint amach taobh istigh de thréimhse trí bliana. Tá na torthaí foghlama sin doiléir. Tá siad teibí. Níl samplaí praiticiúla ag teacht le haon cheann de na torthaí foghlama... Níl siad cabhrach, níl siad praiticiúil domsa sa seomra ranga. (Múinteoir T1, Grúpa Fócais)

Ní shílím go bhfuil siad saineúil go leor. Tá siad ginearálta teibí agus níl samplaí ann. (Múinteoir T1, Grúpa Fócais)

An bealach a bhain mise úsáid as na torthaí foghlama go hairithe sna haonaid phleanála. Rinneamar na ceachtanna agus ansin lorgaíomar na torthaí foghlama a bhí cosúil leo. Chun an fhírinne, sin mar a oibríonn sé go praiticiúil. Tá treoir shoiléir ag teastáil. Níl aon eolas ar fáil maidir leis an ábhar, na téamaí agus na topaicí a bheadh ag eascairt as na torthaí foghlama.

Ní leor torthaí foghlama amháin mar threoir do scrúdú seachtrach. Chothaigh sé seo a lán neamhchinnteachta do mhúinteoirí agus do dhaltaí go dtí seo. (Múinteoir T1, Grúpa Fócais)

Dar leis An Gréasán:

Tá na torthaí foghlama ró-leathan, rótheibí agus ró-uaimhianach. Níl siad téagartha go leor. Tá sé deacair brí a bhaint astu agus tá an iomarca acu ann. Tá an teanga atá in úsáid róshainiúil agus róchasta do dhaltaí, rud a chiallaíonn nach bhfuil úsáid phraiticiúil leo go laethúil sa seomra ranga. (Aighneacht, An Gréasán)

### **3.1.4 Athruithe ar na sonraíochtaí**

Tugadh deis do na múinteoirí sa suirbhé moltaí a dhéanamh faoi na leasuithe gur mhaith leo go gcuirfí i bhfeidhm ar na sonraíochtaí.

#### *Suirbhé na múinteoirí T2*

D'fhreagair 490 múinteoir an cheist (Ceist 10. T2) faoi na hathruithe a mholfaidís ar Shonraíocht T2 – *Cén athruithe a mholfá ar Shonraíochta reatha T2 Gaeilge?* Ba iad an dá théama ba choitianta a tháinig chun cinn ná go mbeadh scrúdú béil ann (67%) agus gur ghá laghdú go mór ar an leibhéal litríochta atá ann (65%). Luadh go leor téamaí eile a phléitear thíos.

#### *Suirbhé na múinteoirí T1*

D'fhreagair 90 múinteoir an cheist (Ceist 10. T1) faoi na hathruithe a mholfaidís ar Shonraíocht T1 – *Cén athruithe a mholfá ar Shonraíochta reatha T1 Gaeilge?* Ach oiread le múinteoirí i scoileanna T2, ba iad an dá théama ba choitianta a tháinig chun cinn i measc múinteoirí T1 ná gur mhaith leo go mbeadh béal triail ann (58%) agus gur ghá laghdú go mór ar an leibhéal litríochta atá ann (57%). Luadh téamaí eile ar nós breis áiseanna agus acmhainní a chur ar fáil do mhúinteoirí agus nárbh chóir idirdhealú a dhéanamh idir T1 agus T2.

### **3.1.5 Achoimre**

Chonacthas sa rannóg seo go raibh na múinteoirí T2 míshásta ar an iomlán leis an tSonraíocht ach nach raibh múinteoirí T1 chomh míshásta céanna. Cheap na daltaí go raibh an iomarca ábhair le clúdach ar an gcúrsa agus bhraith siad gur ghluais rudaí ar aghaidh ró-thapa. I measc na ngnéithe a mhol cuid de na múinteoirí bhí an litríocht, na MRBanna, an t-athmhachnamh agus an féinfhoghlaim agus an scannán i mBliain 1. Moladh a bhí ag tromlach na múinteoirí agus a ardaítear i rannóga eile thíos ná go mbeadh scrúdú béil ann agus gur ghá laghdú mór a dhéanamh ar an leibhéal litríochta. Cheap an Chigireacht go raibh dul chun cinn le feiceáil sna modheolaíochtaí teagaisc agus cheap SSM go raibh tuiscint níos fearr á bhfáil ag múinteoirí ar na torthaí foghlama gus pleanáil dá réir.

### 3.2 Na heilimintí de na measúnaithe rang-bhunaithe laistigh de na sonraíochtaí, mar a bhíonn taithí ag scoláirí agus múinteoirí orthu

Ceistíodh na múinteoirí agus na daltaí maidir leis na Measúnaithe Rangbhunaithe (MRB). Cuirtear freagraí na rannpháirtithe i dtaca leis na MRB1 (An Punann) i láthair ar dtús, MRB2 ina dhiaidh sin agus an Tasc Measúnaithe ar deireadh.

#### 3.2.1 Measúnú Rangbhunaithe 1 (An Punann)

Cruthaíonn an dalta punann teanga le samplaí dá chuid saothair. Tugann an phunann teanga deis don dalta spriocanna pearsanta foghlama a leagan síos, a chuid oibre a thaispeáint, machnamh a dhéanamh ar an obair agus dul chun cinn a fheiceáil. Cuidíonn an próiseas seo leis an scoláire chun a scileanna teanga agus a thuiscintí cultúrtha a fhorbairt agus a úsáid i réimse suíomhanna agus ar mhaithe le spriocghrúpaí agus le cuspóirí éagsúla. Thuairiscigh roinnt múinteoirí don SSM,

go raibh na scoláirí bródúil as a gcuid oibre agus as an dul chun cinn a bhí déanta acu thar tréimhse ar leith/thar thrí bliana na sraithe sóisearaí ... bhain cuid de na scoláirí taitneamh agus tairbhe as na píosaí fuaime nó físe a chur i gcrích don phunann agus go raibh an-éagsúlacht sna píosaí punainne áirithe seo. (Aighneacht SSM)

Bhí meon neodrach go leor ag na daltaí maidir leis an bpunann. Mheas siad nach raibh sé ró-dheacair, ach amháin a bpíosa is fearr a roghnú:


It was easy enough. Just, I didn't know which ones to pick, but after that, it was easy, 'cause it was stuff we had done in class, so it wasn't any extra work. (Dalta T2, Grúpa Fócais)

Yeah, I enjoyed the Punann. It's just less stressful. You have time to think about what your best pieces are. Yeah ... just, you have time to work hard over the year. (Dalta T2, Grúpa Fócais)

Ní raibh cead againn obair ón gcéad bhliain a chur sa Phunann freisin, so like ní raibh aon pointe don chéad bhliain muna raibh muid in ann é a úsáid. (Dalta T1, Grúpa Fócais)

Nuair a fiafraíodh de na múinteoirí sa suirbhé d'aontaigh 76% nár sholáthar MRB1 mórán aiseolais ar fhoghlaim na scoláirí dóibh mar a léirítear i bhFíor 12. Mheas 42% de na múinteoirí gur chinntigh MRB1 go mbeadh obair leanúnach i rith an chúrsa á dhéanamh ag na daltaí agus d'esaontaigh an chuid eile 59%. Níor aontaigh 73% de na múinteoirí gur chabhraigh MRB1 i leith na ndaltaí a chur ag machnamh ar a bhfoghlaim féin agus beagnach gach duine dóibh den tuairim go raibh sé ródhúshlánach.

**Fíor 13.** Tuairimí na múinteoirí T2 maidir le MRB1 (n=609)



Feictear i bhFíor 14 go raibh thart ar aon thriain de mhúinteoirí T1 den tuairim gur sholáthar MRB1 aiseolais dóibh ar fhoghlaim na scoláirí dóibh, níor aontaigh an dá thriain eile leis seo. Mheas beagán os cionn leath (54%) de na múinteoirí gur chinntigh MRB1 go mbeadh obair leanúnach i rith an chúrsa á dhéanamh ag na daltaí. Mheas 45% de na múinteoirí gur chabhraigh MRB1 i leith na ndaltaí a chur ag machnamh ar a bhfoghlaim féin agus tromlach mór acu den tuairim go raibh an nóta machnamh ródhúshlánach do dhaltaí gnáthleibhéil.

Thuairiscigh roinnt múinteoirí leis an SSM “gur thaitin an tsaoirse a bhain le roghnú na bpíosaí punainne do MRB 1 le roinnt scoláirí ach go raibh scoláirí eile a bhí ag iarraidh ionchur/tuairim an mhúinteora leis an gcinneadh a dhéanamh” (Aighneacht SSM).

Cheap cuid de na múinteoirí sna grúpaí fócais go raibh fiúntas sa phunann ach an cumas a bheith ag na daltaí.


Is maith liom an punann sa tslí is go bhfuil tú ag obair ar dhréachtú, go bhfuil tú ag cur snas ar rudaí, go bhfuil tú ag piocadh amach trí phársa ar deireadh. Is féidir an-chuid foghlama a bheith i gceist má bhaineann tú leas as le rang cumasach. Ach nuair nach bhfuil cumas sa rang. Níl teanga bunúsach acu. Níl sé acu ón mbunscoil, cur i gcéill atá ann ligint orainn go bhfuil sé acu ón mbunscolaíocht. Is féidir leat a bheith ag caint faoi fheasacht ach níl sé chun tarlú.  
(Múinteoir T2, Grúpa Fócais)

Gné eile a ardaíodh faoin bpunann ná go bhfuil sé an-dúshlánach do na daltaí nach bhfuil féin eagraithe.

Chun tacú le múinteoirí deirtear in aighneacht SSM go raibh:

... forbairt scil mhachnaimh an scoláire mar fhócas ag na ceardlanna Gaeilge T2 trí bliana as a chéile ... dhear an Fhoireann go leor acmhainní a dáileadh ar na múinteoirí ar laethanta na gceardlann agus atá ar fáil ar an suíomh idirlín [www.jct.ie](http://www.jct.ie). (Aighneacht SSM)

**Fíor 14.** Tuairimí na múinteoirí T1 maidir le MRB1 (n=114)



Fadhb a luaigh roinnt múinteoirí sna grúpaí fócais ná rochtain ar ghléasanna teicneolaíochta: “I mo scoile, níl gléas teicneolaíochta ag na daltaí. Tuigtear sa tsonraíocht go bhfuil na gléasanna seo acu ach níl. Is an-smaoineamh é ach níl an t-infreastruchtúr curtha ar fáil” (Múinteoir T1, Grúpa Fócais).

D’aithin 45% de mhúinteoirí T1 go raibh MRB1 cabhrach chun na daltaí a chur ag machnamh faoina bhfoghlaim féin.

### 3.2.2 Measúnú Rangbhunaithe 2: An Tasc cumarsáideach

Tugann an Tasc cumarsáideach deis don dalta ábhar, topaic nó saincheist ar spéis leis féin nó atá tábhachtach dó a roghnú agus a fhiosrú thar thréimhse ama. Tá béim láidir ar chumas labhartha agus idirghníomhaithe an dalta agus ar an nasc le húsáideoirí teanga eile sa tasc seo. Tugann sé deis dó a theanga labhartha a fhorbairt agus a fheabhsú mar aon le díriú ar fhorbairt príomhscileanna eile. Tá béim ar an idirghníomhú cainte agus ar an labhairt i ngach formáid. Tugann ionchur ón múinteoir deis don dalta a chuid scileanna teanga a léiriú le linn an taisc. I gcás ceisteanna, is ceisteanna neamhullmhaithe/gan script atá i gceist atá oiriúnach d’aois an dalta agus do staid na foghlama.

Bhí níos mó le rá ag na daltaí i dtaobh MRB2, an tasc cumarsáideach, sna grúpaí fócais seachas an punann nó an tasc measúnaithe. Ar an iomlán dúirt na daltaí gur bhain siad sult as MRB2, toisc gur thug sé deis dóibh a gcuid Gaeilge labhartha a chleachtadh, ar ábhar a roghnaigh siad féin. Spreag an

tsaoirse rogha seo iad le dul i mbun oibre, mar go raibh siad ag plé rudaí a raibh suim acu iontu. Seo mar a rinne dalta amháin cur síos air:

I think it was the easiest part of 'Irish'... because we had to talk about ourselves, and we had to do a whole project on ourselves, and I knew myself the most, so I knew exactly what to write. So basically, what we learnt from first year to third year in one conversation. (Dalta T2, Grúpa Fócais)

Bhí siad ar fad sásta maidir leis an tsaoirse a tugadh dóibh a dtopaic féin a roghnú agus dúirt dalta T2, "I think that helped with it, cause you're a little more motivated if you're interested in it" (Dalta T2, Grúpa Fócais). Cé gur thaitin an tsaoirse leo maidir le topaic agus formaid, ní raibh an cumas ag an-chuid acu an foclóir cuí ná an gramadach a scríobh mar ba cheart, gan chabhair an mhúinteora.

I got to do mine on a famous person, so finding out bits about them was cool. But trying to translate it then to Irish and not having the correct punctuation and everything and grammar without the teacher's help was hard. (Dalta T2, Grúpa Fócais)

Léiríonn an ráiteas thuas go bhfuil an tuiscint ann gur tionscnamh scríbhneoireachta é seo ar dtús. Tháinig sé suas go minic, gur luaigh na daltaí gur cheacht aistriúcháin a bhí ann, ó Bhéarla go Gaeilge. Bhí an tuiscint seo ann go forleathan i measc na ndaltaí sna scoileanna a mhúin trí mheán an Bhéarla. Luaigh siad gur tasc scríbhneoireachta den chuid is mó a bhí ann, sa tslí is gur scríobh siad script, d'fhoghlaimíodar de ghlanmheabhair é, agus ansin, go ndúradar os comhair an ranga é. I roinnt scoileanna, rinne na daltaí an cur i láthair a thaifead.

I gcomhair an cur i láthair, ní chuirtear béim ar an nGaeilge labhartha, mar is féidir leat just é a fhoghlaim de ghlanmheabhair. (Dalta T1, Grúpa Fócais)

Tagann sé seo salach ar aidhm MRB2 agus na MRBanna trí chéile. Áitíonn an SSM gur,

fíordheiseanna cumarsáide iad na MRBanna a chruthaíonn deis don scoláire barr feabhais a chur ar a scileanna teanga ó thaobh saibhris agus ó thaobh cruinnis de agus aidhmeanna pearsanta a leagan amach dó féin. Anuas air sin, tá deiseanna idirghníomhaithe cainte mar chuid lárnach de MRB 2. Tacaíonn ceisteanna an mhúinteora (neamhullmhaithe agus gan script) leis an scoláire a chumas idirghníomhaithe cainte a léiriú. (Aighneacht SSM)

Níl an cur síos seo ag teacht le taithí na ndaltaí a ghlac páirt san athbhreithniú seo. Bhí roinnt daltaí nár bhain sult as an MRB2, ar bhonn neirbhise de, a bheith ag labhairt os comhair a gcomhdhaltaí. Dúirt daltaí eile, áfach, gur chabhraigh sé seo leo sa chaoi is go raibh aithne acu ar na daoine go mbeidís ag caint leo.

Bhí daltaí eile a bhí diúltach faoi MRB2 de bharr an tsíorbhrú ama a bhraitheadar faoi.

The CBAs and dealing with the schoolwork as well, because we were sent home to do a CBA by ourselves (an script a scríobh) and then we might have homework to do as well, just trying to get the course done and the CBAs, then thinking of the junior cert in the background ... at that time we still had a junior cert coming up. (Dalta T2, Grúpa Fócais)

Cheap cuid acu go gcuirfeadh daoine níos mó iarrachta isteach ann dá mbeadh an tasc cumarsáide ceangailte leis an scrúdú deiridh. Fillimid ar an bpointe seo faoi chúrsaí measúnaithe i gcoitinne thíos. Rinne dalta T1 pointe maidir le freastal ar chumais éagsúla:

... go háirithe d'éinne nach bhfuil chomh láidir ar an scríbhneoireacht, go [dtabharfadh] sé deis dóibh marcanna [a aimsiú]. Cheapas gur b'shin an tuairim, agus bhíos sásta leis ar dtús. Nuair a chuala nach raibh aon bhaint aige leis [an scrúdú], bhíos nach mór chun é a chur síos, is é a fhágaint. (Dalta T1, Grúpa Fócais)

Mheas dalta eile go laghdódh sé an brú ag an deireadh dá mbeadh marcanna ag dul do na MRB:


It would have been way better. The idea of one big test at the end of the year is bizarre. I think it should be spread out way more. Like maybe still have a test at the end of the year, but definitely have class-based assessments towards our grade throughout the years. (Dalta T2, Grúpa Fócais)

Ar an iomlán, áfach, thaitin sé leo taighde a dhéanamh ar a spéiseanna féin, ach go rabhadar ag cur script de ghlanmheabhair, seachas a bheith ag labhairt go hoscailte. Bhí na daltaí i bhfabhar scrúdú béil: "because it would relieve some of the pressure off the written paper" (Dalta T2, Grúpa Fócais).

Maidir leis na múinteoirí T2 agus MRB 2, d'aontaigh 40% go raibh sé éifeachtach i leith scileanna Gaeilge labhartha na ndaltaí a fhorbairt. D'aontaigh trí cheathrú díobh nár spreag MRB2 iad mórán chun straitéisí don teagasc agus foghlaim ghníomhach a úsáid agus an cheathrú eile ag easaontú leis seo. D'éasaontaigh 91% de mhúinteoirí T2 go n-ullmhaíonn MRB2 scoláirí le comhrá nádúrtha a dhéanamh le cainteoirí eile lasmuigh den seomra ranga. D'éasaontaigh 80% acu gur chabhraigh MRB2 leis na daltaí féinmhachnamh a dhéanamh ar a gcuid staidéir. D'aontaigh 30% de mhúinteoirí gur chabhraigh MRB2 leo aiseolas cruinn a sholáthar ar scileanna labhartha na scoláirí. Cheap an-chuid díobh go mba chóir liosta leathan d'ábhair plé a bheith ar fáil do MRB2, chun bradaíl a sheachaint.



**Fíor 15.** Tuairimí na múinteoirí T2 maidir le MRB2 (n=601)



Pléadh MRB2 go mion ag grúpaí fócais na múinteoirí agus na scoláirí. Cheap roinnt múinteoirí go raibh fiúntas áirithe agus múinteoirí eile nach raibh:

Is beag foghlama a dhéanann na daltaí ag ullmhú an rud seo. Téann siad go dtí an t-idirlín, nó faigheann siad cabhair ó dhaoine - an iomad cabhair, tá sé ceart go leor cabhair a fháil - ach faigheann siad an iomarca cabhair ón idirlín nó ó fhoinsí eile, cuireann siad rud éigin le chéile nach dtuigeann siad struchtúr na teanga atá in úsáid acu, agus i mo thuairimse, níl a fhios agam an bhfuil mórán fiúntais ag baint leis. (Múinteoir T2, Grúpa Fócais)

Tugann na MRBanna seans do dhaltaí labhairt os comhair daoine. (Múinteoir T2, Suirbhé)


Bheadh scrúdú cainte i bhfad níos fearr ná an cur i láthair ach b'fhéidir dá mbeadh na múinteoirí sásta é sin a dhéanamh. Bheinn féin sásta é sin a dhéanamh. (Múinteoir T2, Grúpa Fócais)

Cothaíonn MRB2 cumarsáid sa rang Gaeilge agus treisíonn sé scileanna phearsanta na ndaltaí. (Múinteoir T2, Suirbhé)

Maidir le múinteoirí T1 agus MRB 2 d'aontaigh 47% go raibh sé éifeachtach i leith scileanna Gaeilge labhartha na ndaltaí a fhorbairt. D'aontaigh 70% acu nár spreag MRB2 iad mórán chun straitéisí don teagasc agus don fhoghlaim ghníomhach a úsáid. D'easaontaigh 87% de mhúinteoirí T1 go n-ullmhaíonn MRB2 scoláirí le comhrá nádúrtha a dhéanamh le cainteoirí eile lasmuigh den seomra

ranga. Mar a scríobh múinteoir amháin i dtaobh buanna na sonraíochta T1: “Tá an coincheap taobh thiar den dara MRB. Ach ní chothaíonn sé cumas dul i mbun comhrá. Bheadh sé níos éifeachtaí mar aon le scrúdú cainte” (Múinteoir T1, Suirbhé). Dar le múinteoir eile “Thaitin sé [MRB2] go mór leis an rang caithfidh mé a rá. Ghlac siad páirt go hiomlán. Tháinig daoine amach astu féin” (Múinteoir T1, Grúpa Fócais). D’esaontaigh 67% acu gur chabhraigh MRB2 leis na daltaí féinmhachnamh a dhéanamh ar a gcuid staidéir agus d’aontaigh 33% mar a scríobh an múinteoir seo: “Tá na MRBanna cabhrach i leith na ndaltaí a chur ag machnamh ar a bhfoghlaim féin” (Múinteoir T1, Suirbhé). Luaigh múinteoir eile a cheap go raibh an MRB2 mar bhua: “Tá deis acu taighde a dhéanamh don MRB” (Múinteoir T1, Suirbhé). Níor aontaigh ach 31% de mhúinteoirí gur chabhraigh MRB2 leo aiseolas cruinn a sholáthar ar scileanna labhartha na scoláirí.

**Fíor 16.** Tuairimí na múinteoirí T1 maidir le MRB2 (n=113)



Luaitear in Aighneacht SSM i dtaobh MRB2 gur “measúnú atá ann atá dírithe go príomha ar scileanna labhartha agus idirghníomhaithe cainte an scoláire” (Aighneacht SSM). I bhfianaise tuairimí na múinteoirí agus na ndaltaí araon, dealraíonn sé nach bhfuil an cúltionchar inmhianaithe ar chleachtas sa seomra ranga á bhaint amach ag MRB2. In áit tástáil ar scileanna cumarsáide na ndaltaí, is tasc taighde scríbhneoireachta a fhoghlaimítear de ghlanmheabhair i gcás an-chuid daltaí.

### 3.2.3 An Tasc Measúnaithe

Is é an cuspóir atá leis an Tasc Measúnaithe ná go dtabharfadh an dalta faoi mhachnamh fócasaithe ar a chur i láthair aonair le haghaidh Mheasúnú Rangbhunaithe 2. Cuirtear an tasc measúnaithe sin i gcrích tar éis an dara Measúnú Rangbhunaithe agus cuirtear é faoi bhráid Choimisiún na Scrúduithe Stáit lena mharcáil. Is fiú 10% an Tasc Measúnaithe de na marcanna a úsáidtear chun an grád foriomlán a oibriú amach. Cuirtear an Tasc Measúnaithe ar fáil ar Leibhéal Comónta agus sna ceisteanna atá mar chuid den tasc cuirtear cohórt leathan na scoláirí a théann faoin measúnú san áireamh. De bharr na paindéime COVID-19, is beag dalta a raibh taithí acu ar an tasc measúnaithe a dhéanamh toisc gur cuireadh ar ceal é in 2020, 2021 agus 2022.

As na daltaí a raibh taithí acu air, bhí siad ar fad d'aon ghuth nach bhfaca siad mórán fiúntais sa Tasc Measúnaithe.

An féinmheasúnú, bhí mé cailte go hiomlán [...] 'Cad a d'fhoghlaim tú?', bhí sé an-deacair chun é sin a dhéanamh. (Dalta T1, Grúpa Fócais)


It was kind of, by the time you got to the end of it, you didn't really pass any remarks. You were kind of just glad that everything else was done... (Dalta T2, Grúpa Fócais)

Níl tú really ag foghlaim agus tú ag déanamh an 'féinmhachnamh', tá tú ag foghlaim agus tú ag déanamh an tasc. (Dalta T1, Grúpa Fócais)

Luaigh dalta amháin go bhféadfá bréaga a insint go héasca, "ach ní dhearna sin aon difríocht, mar nach raibh éinne ag breathnú ar cad a bhí mé tar éis a dhéanamh i ndáiríre. Bhí sé [an TM] díreach faoi cad a scríobh mé" (Dalta T1, Grúpa Fócais). Níor luaigh aon ghrúpa dalta, T1 nó T2, gur chabhraigh an Tasc Measúnaithe leo le féinmhachnamh nó forbairt a gcuid scileanna teanga a spreagadh iontu.

Cuireadh trí cheist ar na múinteoirí T2 faoin tasc measúnaithe sa suirbhé. Léirítear i bhFíor 17 gur easaontaigh 91% de mhúinteoirí T2 go raibh an Tasc Measúnaithe éifeachtach i leith dhaltaí a chur ag féinmhachnamh faoina gcuid foghlama. Bhí beagnach gach múinteoir den tuairim nach raibh an Tasc Measúnaithe ar chaighdeán cuí d'ábaltacht na ndaltaí gnáthleibhéil. D'éasaontaigh 85% i gcás na ndaltaí ardleibhéil agus 57% acu ag easaontú go mór sa chás sin.

**Fíor 17.** Tuairimí na múinteoirí T2 maidir leis an Tasc Measúnaithe (n=600)




Bhí An Gréasán den tuairim go raibh,

... an tasc measúnaithe go hiomlán mí-oiriúnach do dhaltáí T2. Tá an réim teanga a bheadh ag teastáil don tasc seo go hiomlán mí-réadúil. Bheadh scileanna ardchumais teanga ag teastáil don tasc seo, scileanna nach mbeadh forbartha fós ag daltaí T2. Anuas air sin ní dhéantar aon idirdhealú idir ardleibhéal agus gnáthleibhéal sa tasc measúnaithe .... Molaimid go láidir nach mbeadh tasc measúnaithe ann don Ghaeilge a thuilleadh. (Aighneacht, An Gréasán)

D'aontaigh múinteoirí T1 leis an tuairim seo freisin mar a léirítear i bhFíor 18. D'esaontaigh tromlach an-mhór de na múinteoirí T1 go raibh an Tasc Measúnaithe ar chaighdeán cuí d'ábaltacht na ndaltaí gnáthleibhéil. Bhí 38% den tuairim go raibh sé ar chaighdeán cuí d'ábaltacht na ndaltaí ardleibhéil. Cheap 30% de mhúinteoirí T1 go raibh sé éifeachtach i leith dhaltáí a chur ag féinmhachnamh faoina gcuid foghlama.

**Fíor 18.** Tuairimí na múinteoirí T1 maidir leis an Tasc Measúnaithe (n=113)



### 3.2.4 Obair ó bhéal sa seomra ranga

D'úsáid roinnt múinteoirí an deis a bhí acu in MRB2 le díriú, ní hamháin ar an tasc cumarsáide féin, ach ar chur chun cinn na scileanna cainte leis na daltaí, rud a bhaineadar sult as. Ag caint faoi MRB2 agus ullmhú don 'oral' mar a thug an dalta air:

... that was the first time that we properly set into ... how to speak Irish, how to have a conversation with somebody ... That's what everybody enjoyed, actually learning how to speak the language, not doing comprehensions or learning poetry or whatever. (Dalta T2, Grúpa Fócais)

Cé go raibh na daltaí ar an iomlán i bhfabhar i bhfad níos mó béime ar an obair ó bhéal, ní bhraith go leor acu go raibh an bhéim i gcónaí ar na scileanna labhartha sna MRBanna mar a chonacthas thuas. I gcásanna eile, áfach, ba san ullmhúchán do MBR2 a fuair siad deis na scileanna labhartha a chleachtadh: "No. I feel like it was only the CBA, where we were presenting, but that was it. I feel like we didn't do anything else where we were speaking Irish" (Dalta T2, Grúpa Fócais). Thacaigh dalta eile leis an tuairim seo, "It was more like they [the teacher] just gave us comprehensions and different short stories, but we never actually spoke it mostly. It was more on writing" (Dalta T2, Grúpa Fócais). Ag aithint gur bhaineadar sult as an obair labhartha, ach nach bhfuair sé a ndóthain deiseanna a bheith ag labhairt, dúirt dalta: "Yeah, 'cause we would have actually learned Irish" (Dalta T2, Grúpa Fócais). Luaigh roinnt daltaí go raibh siad ag foghlaim faoin gcultúr Gaelach, an teanga náisiúnta agus go mbeidís bródúil as ach nach féidir leo í a úsáid. Dúirt dalta amháin: "I'd love to be fluent in Irish [...] so for first year to third year, get to know the language, be able to talk it. And then, the poems would be easier cause you know the language" (Dalta T2, Grúpa Fócais). Ar an ábhar céanna dúirt dalta eile:

It would be better if we learned more Irish culture while we were actually learning Irish in the first place, because it's like our first language, but no one really speaks it. And I think like speaking it as well a lot more, like, playing games with it or something, would make it more fun. (Dalta T2, Grúpa Fócais)

Feictear an tionchar a bhí ag an obair ó bhéal ar an dalta seo a leanas:

There was a point where we knew that the Junior cert wasn't going ahead, so for the last literally few weeks, we did only speaking, and I think that was the point where I learned the most, out of all the Junior Cert. (Dalta T2, Grúpa Fócais)

Mhol daltaí:

More oral work would be better, because I feel like it would improve people's pronunciation and vocabulary, and also more group work. (Dalta T2, Grúpa Fócais)

More practical, like speaking stuff, rather than just writing. I think with the cultural stuff in it, it would make people a bit more interested. (Dalta T2, Grúpa Fócais)

### 3.2.5 *Cúrsaí measúnaithe i gcoitinne*


Leagann an tSraith Shóisearach an-bhéim ar mheasúnú mar chuid den phróiseas foghlama. Cuimsíonn an measúnú ar Ghaeilge do Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) dhá Mheasúnú Rangbhunaithe; MRB1: an Phunann teanga agus MRB2 an Tasc cumarsáideach; Tasc Measúnaithe atá nasctha leis an scrúdú deiridh. Socraíonn Coimisiún na Scrúdaithe Stáit an scrúdú deiridh ag dhá leibhéal: Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal. Mar go nasctar an measúnú ranga agus measúnú eile le córas nua tuairiscithe, arb é bronnadh Phróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) a bhuaicphointe, tá sé mar aidhm go dtabharfaidh sé léargas leathan soiléir do thuismitheoirí/chaomhnóirí ar thuras foghlama a bpáiste thar thrí bliana na sraithe sóisearaí. Mar gheall ar na hathruithe ar líon na MRBanna a bhí le cur i gcrích, agus an Tasc Measúnaithe agus na scrúduithe deiridh a bheith curtha ar ceal, níor úsáideadh an PGSS chun tuairisc a thabhairt ar fhoghlaim na ndaltaí in 2020 agus in 2021.

Tháinig sceidealú an mheasúnaithe sa tríú bliain chun cinn mar théama i measc na rannpháirtithe san athbhreithniú. D'aithin na daltaí go raibh an measúnú ar fad idir MRB1, MRB2 agus na bréagscrúduithe ag teacht le chéile timpeall an ama céanna, ag tús na tríú bliana, a chúisigh mórán fadhbanna ó thaobh brú ama de. Mhol an Chigireacht m.sh., "MRB amháin a bhogadh go dtí an dara bliain" toisc go mbíonn dhá MRB, an tasc measúnaithe agus an scrúdú deiridh sa tríú bliain. Ar an téama céanna, mhol COGG ina haighneacht: "b'fhiú an fhéidearthacht a fhiosrú gearradh siar ar líon na measúnuithe rangbhunaithe (MRB) go dtí ceann amháin sa dara bliain" (Aighneacht COGG). Thacaigh An Gréasán

leis an tuairim seo: “... bheadh sé níos fearr dá mbeadh MRB amháin agus scrúdú béil ceart ann. Táimid den tuairim go mbeadh sé níos fearr dá mbeadh MRB déanta sa dara bliain agus dá mbeadh scrúdú béil ceart ar siúl sa tríú bliain ar fiú 40% den mharc deiridh” (Aighneacht, An Gréasán). Luaigh trí cheathrú (328 as 490) de mhúinteoirí T2 a d’fhreagair an cheist oscailte sa suirbhé go mba chóir go mbeadh scrúdú béil ann, agus 55 as 90 múinteoir T1 ar a shon.

D’aithin na múinteoirí T2 agus T1 an fhadhb maidir le brú ama freisin agus bhí a bhformhór mór den tuairim go mba chóir ceann de na MRB a dhéanamh sa dara bhliain mar a fheictear i bhFíor 19.

**Fíor 19.** Tuairimí na múinteoirí T2 & T1 maidir le ceann de na MRBanna a dhéanamh sa dara bhliain (n=717)



Rinne múinteoir amháin cur síos ar thábhacht cúrsaí measúnaithe mar seo a leanas:

Tá sé an-tábhachtach go n-amharctar air sin ag an am céanna. Ní fiú sonraíochtaí a athrú muna n-amharcainn muid ar an chóras measúnachta fosta. Ba cheart go mbeadh na rudaí sin uilig ag teacht le chéile ... ba cheart go mbeadh béim curtha ar shaol laethúil na ndaltaí, suimeanna na ndaltaí sna páipéir scrúduithe, agus níl sé sásúil go gcumtar sonraíochtaí agus ansin go dtagtar ar na measúnachtaí ina dhiaidh sin. Ní oibríonn sé, agus sin an fáth go bhfuil roinnt mhaith de na fadhbanna seo againn. Sílim go gcaithfidh an JCT, CNCM, Coimisiúin na Scrúduithe Stáit agus an Roinn Oideachais ... ba cheart go mbeadh siad ag obair níos dlúithe le chéile air seo, agus tiocfaimid ar an chúrsa atá sásúil. (Múinteoir T2, Grúpa Fócais)

Cé go dtugtar faoi shocruithe teagaisc, foghlama agus measúnaithe le linn phróiseas forbartha na sonraíochtaí, is dócha go dtagraíonn an t-aiseolas seo don fhíric go raibh moill ar an ngnáth-fhráma

ama chun an liosta téacs, míreanna measúnaithe samplacha agus scrúdpháipéir a sholáthar do Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí T1 agus T2..

Bhí na daltaí den tuairim gur mhaith leo go mbeadh cuid de mharcanna na scrúduithe aimsithe sula ndéanann siad na scrúduithe stáit. Ní rabhadar i bhfabhar an tasc measúnaithe Gaeilge áfach. Theastaigh ó na daltaí go mbeadh aitheantas sa scrúdú deiridh do na measúnachtaí ar fad a dhéanfaidís.

Do more projects and have them included in the grades. And definitely get to speak more Irish, because we didn't get to do that. (Dalta T2, Grúpa Fócais)

Léirigh tuairimí na múinteoirí agus na daltaí ar an measúnú go gcuireann siad ardluach ar an measúnú deiridh agus nach bhfuil an cur chuige níos leithne i leith an mheasúnaithe a mholtar sna sonraíochtaí leabaithe sa chóras go fóill. Thuairiscigh na múinteoirí sna grúpaí fócais nár ghlac mórán acu páirt sna cruinnithe Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. D'fhéadfadh sé go raibh tionchar ag COVID air seo. Ghlac múinteoir amháin páirt i gceann amháin agus bhí an méid seo a leanas le rá

Bhí sé go maith go raibh am curtha ar fáil agus ceart go leor mura raibh marcanna ag dul dó sa scrúdú deiridh. Bhí sé suimiúil an saghas caighdeán a fheiceáil a bhí ag dalta i rang eile ... Tá sé deacair easaontú le múinteoir eile má shileann múinteoir eile go bhfuil sé thar barr agus síleann tusa go bhfuil sé os cionn an ionchais. Tá sé deacair easaontú faoi dhalta de chuid an mhúinteora eile. (Múinteoir T1, Grúpa Fócais)

Nocht an SSM an tuairim seo a leanas ina haighneacht:

De réir mar a bhí na scoláirí i mbun MRBanna sna hábhair eile is ea ba mhó a d'aithin siad na scileanna inaistrithe / na príomhscileanna (agus na heilimintí) a luaitear ar lch 15 den Chreat a bheith comónta sna MRBanna. Rudaí ar nós a bheith in ann topaic a roghnú, taighde a dhéanamh, cur i láthair a dhéanamh srl. De réir mar a leagann múinteoirí luach ar an eispéireas foghlama agus measúnaithe atá i gceist leis na MRBanna is ea is mó a bhfuiltear ag caitheamh leo mar chuid lárnach, éifeachtach d'aistear foghlama an scoláire a fhanfaidh leo ar feadh a saoil mar eispéireas taitneamhach agus ábhartha a bhfuil bród orthu astu. (Aighneacht SSM)

### 3.2.6 *Achoimre*

Bhí na múinteoirí sásta le gnéithe áirithe de MRB1 ach go hairithe i gcás daltaí cumasacha agus chinntigh sé go raibh obair leanúnach ar siúl. Thaitin MRB2 le go leor daltaí mar gur thug sé deis dóibh a scileanna labhartha a chleachtadh. Bhí fianaise ann freisin, áfach, gur foghlaim de ghlanmheabhair agus tasc scríbhneoireachta a bhí i gceist do go leor daltaí. B'fhéidir go bhfuil sé róluath breithiúnas a thabhairt ar an Tasc Measúnaithe ach bhí na múinteoirí den tuairim nach raibh sé oiriúnach do dhaltá



T2 ach go háirithe. D'áitigh SSM ina haighneacht go bhfuil scileanna cainte agus cumarsáide na ndaltaí á meas sa dá MRB agus ní raibh an tuiscint chéanna ag na daltaí agus na múinteoirí a ghlac páirt san athbhreithniú seo. Ní léir go bhféachann na rannpháirtithe seo ar na MRBanna mar chuid lárnach éifeachtach d'aistear foghlama na ndaltaí. Ní cheapann siad go bhfuil cothromaíocht bainte amach maidir leis na MRBanna ó thaobh sceidealú, an bhéim ar na scileanna labhartha agus idirghníomhaíocht chainte ach go háirithe agus aitheantas don obair mheasúnaithe uilig. Léirigh siad rogha láidir go mbeadh scrúdú béil ann agus go mbeadh aitheantas don chumas labhartha sa ghrád deiridh.

### 3.3 Na bealaí éagsúla ina a bhfuil múinteoirí ag baint úsáide as a mbreithiúnais ghairmiúil chun na sonraíochtaí nua a chur i bhfeidhm ina scoileanna agus ina ranganna

Chonacthas thuas maidir leis na measúnuithe rangbhunaithe nár cheap na múinteoirí gur sholáthar MRB2 mórán aiseolais dóibh ar fhoghlaim na scoláirí agus nár spreag sé líon suntasach dóibh le teagasc agus foghlaim ghníomhach a úsáid agus iad ag cur na sonraíochtaí i bhfeidhm ina gcuid ranganna. Thagair An Gréasán do thionchar na measúnuithe ina aighneacht:

Ní mór an tionchar atá ag an measúnú ar fhoghlaim agus ar mhúineadh na teanga, agus an 'cúltionchar' atá ag an measúnú ar an gcleachtas sa seomra ranga a aithint freisin. Mura bhfuil luach ceart curtha leis an obair labhartha sa mheasúnú, ní chuirfear an bhéim chéanna ar na scileanna seo sa seomra ranga. (Aighneacht, An Gréasán)

Léirigh An Gréasán míshástacht nach raibh an t-eolas ar fáil go tráthúil do mhúinteoirí leis an sonraíocht a chur i bhfeidhm:

Ní raibh eolas faoi na téacsanna litríochta, na tascanna rangbhunaithe nó an tasc measúnaithe ar fáil luath go leor. Bhí múinteoirí ag fáil píosaí eolais de réir a chéile thar na trí bliana. Ní raibh na freagraí ar fáil nuair a cuireadh ceisteanna. Chothaigh sé seo a lán neamhchinnteachta agus chothaigh sé fadhbanna leis an gcúrsa nua. (Aighneacht, An Gréasán)

#### 3.3.1 *Seánraí litríochta*

Is í an fhís do ról na litríochta mar atá sna sonraíochtaí, ná scileanna teanga a fhorbairt agus an t-iniúchadh a dhéantar ar théacsanna liteartha sa seomra ranga a bheith comhtháite chun cabhrú le forbairt teanga. Cumtar an litríocht don phobal teanga agus is sampla é d'ábhar dílis ina mbíonn réimse leathan réimeanna agus stíleanna teanga i gceist, a chabhraíonn leis an dalta agus é i mbun forbairt

teanga. Is acmhainn thábhachtach í an litríocht mar sin don fhoghlaim, don litearthacht agus d'fhorbairt inniúlachtaí teanga.

Ar an iomlán, theastaigh níos lú litríochta ó na daltaí agus níos mó béime ar labhairt na teanga cé go raibh siad réasúnta dearfach maidir leis an rogha litríochta a bhí ar fáil. Bhraith daltaí i scoileanna T2 ach go háirithe go rabhadar ag streachailt le foghlaim na Gaeilge de bharr an iomarca béime a bheith ar an litríocht seachas ar chumas cainte. Ba í an obair ó bhéal an ghné ba thaitneamhaí dar leis na daltaí féin. Bhí seo le haithint sna scoileanna T1 agus T2 araon.

Ceapaim go raibh an iomarca béime curtha ar an litríocht seachas í a labhairt ... Like ní raibh tú in ann do chuid scileanna a fhorbairt. Bhí tú ag foghlaim is ag foghlaim is ag foghlaim, ach níl litríocht chun cabhrú le fás na teanga, like caithfidh tú a bheith á labhairt agus ní raibh muid ag plé leis sin (scileanna labhartha) sa seomra ranga. (Dalta T1, Grúpa Fócais)

More talking in the classroom, and [for Irish] not to be solely book-based and comprehensions. (Dalta T2, Grúpa Fócais)

Less literature, and more practically speaking in the classroom. (Dalta T2, Grúpa Fócais)

Bhí sé just litríochta, ní raibh mórán béime ar an labhairt, go dtí an MRB, ach ní bhfuair tú ach trí nóiméad ann. (Dalta T1, Grúpa Fócais)

Cheap siad go raibh an iomarca téacsanna, agus easpa éagsúlachta iontu. Bhí gearán ann go raibh anchuid de na gearrscéalta a roghnaíodh dóibh ró-chosúil lena chéile, rud a rinne deacair dóibh é idirdhealú a dhéanamh eatarthu.

It was kind of the same storyline. And then you'd be getting mixed up, which one would be happening in what story. (Dalta T2, Grúpa Fócais)

Cheap go leor acu go raibh cuid de na scéalta ró-sheanfhaiseanta agus cuid eile a shíl go raibh cuid de na scéalta "amaideach", is "páistiúil" (Dalta T2, Grúpa Fócais). Thaitin sé leo go raibh seánraí ar leith ann. Luaigh daltaí i scoil Ghaeltachta amháin go raibh rogha maidir leis na téacsanna, "cuireadh dhá leabhar suas agus dúradh 'pioc ceann'. Léigh siad an rud ar chúl, agus bhí orainn roghnú ó san, ach b'in eile" (Dalta T1, Grúpa Fócais). Níor fhéachadh air seo mar dhrochrud áfach. D'aithin na daltaí sa scoil Gaeltachta chéanna nach mbeadh mórán suime ag na daltaí i leith roghanna a dhéanamh ar aon nós:

Dá dtabharfaí an rogha do dhaoine, ní dóigh liom go mbeadh daoine ró-bhuartha faoi. (Dalta T1, Grúpa Fócais)

Luaigh an SSM ina aighneacht go bhfuil “go leor dea-scéalta faighte againn ó mhúinteoirí a thugann rogha dá gcuid scoláirí maidir leis na téacsanna litríochta a ndéanfaidh siad staidéar orthu. Deir siad gur minic a mbíonn iontas orthu faoin rogha dheiridh a dhéanann scoláirí nach samhlódh an roinn a bheadh mar ‘uimhir a haon’ ar an liosta” (Aighneacht, SSM, T2). Luaitear sampla de rang a roghnaigh an dráma ‘Lá Buí Bealtaine’ agus “gur éirigh leo (na daltaí) an dráma a léamh agus a phlé le teann a gcuid spéise san ábhar agus leis an bhfonn cumarsáide a bhí orthu”. Léirigh sé seo “go bhféadfadh na scoláirí dul chun cinn suntasach a dhéanamh ag a leibhéal cumais féin nuair a spreagadh iad chun úinéireacht a ghlacadh ar a gcuid foghlama féin (Aighneacht, SSM, T2).

D’aithin múinteoir Gaeltachta amháin an dúshlán a bhaineann le rogha a thabhairt do na daltaí: “Tá béim curtha ar rogha ábhair, gné eile atá deacair le tabhairt i dtír. Chun rogha a thabhairt do na daltaí mar atá sé curtha chun cinn sna sonraíochtaí” (Múinteoir T1, Grúpa Fócais). Bhí corrdhalta a dúirt go bhféadfadh an deis rogha a bheith ann cur leis an rang: “I wish we could’ve had to pick our own stuff cos maybe we’d be more like in the class, and actually listen properly, cos it was kind of boring, mostly” (Dalta T2, Grúpa Fócais). Ach ar an iomlán, níor chuir an easpa ionchuir isteach ró-mhór ar na daltaí faoi agallamh:

Ceapaim just go bhfuil sin níos fearr. You know, mar bheadh cúpla duine I [bhfabhar] leabhar amháin, agus daoine eile ... só just tá sé níos fearr ag an múinteoir a rá ‘táimid ag léamh é seo’ agus níl argóintí ansin. (Dalta T1, Grúpa Fócais)

Ní hionann sin is a rá nár thaitin an ghné sin den chúrsa leo: “We had to read a novel, and I’d say that was the most enjoyable thing about the Junior Cycle course” (Dalta T2, Grúpa Fócais). Luaigh daltaí eile gur chabhraigh an litríocht leo eochairfhocail a fhoghlaim de ghlanmheabhair, rud a chur lena bhfoclóir mar a dúirt an dalta seo: “The words that we learned in the novel, we could use outside the school as well...” (Dalta T2, Grúpa Fócais). Ar an lámh eile dúirt an dalta seo: “Reading the novel was fun for me, but it didn’t really teach us how to speak and stuff” (Dalta T2, Grúpa Fócais). Más rud é gur bhraith na daltaí gur chabhraigh gné ar bith den chúrsa leis an nGaeilge labhartha bhí siad níos fabhraí dó:

It wasn’t a bad book as well. I’d say most people who read the book enjoyed it, but definitely the speaking was my favourite part [of the course]. (Dalta T2, Grúpa Fócais)

Bhí daltaí sásta, i gcoitinne, leis an réimse seánraí a bhí ar fáil. Bhraitheadar nach raibh na téacsanna nua-aimseartha a ndóthain, i gcomparáid leis na meáin eile, ar nós ceol agus scannáin.

Because you know [Tagairt de TG LURGAN] Avicii Wake me up in Irish. Like you just learn Irish from it, and it sticks in your mind... you want to learn it, [whereas] when you’re reading them

stories where it just drags on, you're falling asleep and you're not enjoying it. (Dalta T2, Grúpa Fócais)

Thaitneodh sé le daltaí T2 áfach go mbeadh gearrscannáin mar rogha acu, sa dara agus sa tríú bhliain.

... not the stories, anyways. They were too long. And they were very unexpected. There was a big twist in them at the end all the time. (Dalta T2, Grúpa Fócais)

Den chuid cuid is mó, bhí na daltaí dearfach faoi na gearrscéalta cé go raibh roinnt fadhbanna le cinn as cló agus cinn eile róchosúil lena chéile nó ró-sheanfhaiseanta. Bhí drogall orthu dul i ngleic le filíocht, áfach.

I liked the dramas. Some were entertaining, but personally, with like the poems, I found everyone just got really bored, and it was just very hard to learn 'cause you have no motivation to learn. (Dalta T2, Grúpa Fócais)

If you're reading a poem in class, you're not really gonna use it again, but with the songs and that, you might actually take an interest. (Dalta T2, Grúpa Fócais)

The poems. We had too many poems to learn. They were very hard, confusing. Just didn't want to do them. (Dalta T2, Grúpa Fócais)

There was like, 6 poems. Like, how are we supposed to learn them and reflect on them? (Dalta T2, Grúpa Fócais)

You have to learn them, and then remember what thing you learned goes with what poem. You could get them mixed up or something. (Dalta T2, Grúpa Fócais)

It's just all memorisation and everything. Like, at this point (Bliain 4), I don't remember anything in any of those poems, so I can't even talk about them, you know what I mean. So, what's the point in learning them? Like, you're only doing them to get good marks on a test. You're not doing it for the joy of it. (Dalta T2, Grúpa Fócais)

Bhí corrdhalta a bhí ina bhfabhar na filíochta ach bhíodar sa mhionlach. Tháinig sé chun cinn i roinnt grúpa fócais gur teastaigh ós na daltaí breis ama a bheith acu le plé a dhéanamh ar an bhfilíocht (mar shampla) os ard, seachas díreacha bheith ag scríobh is ag 'foghlaim'.

Even if like, there was more talking involved. With poetry like, if there was a set part of class where you could go to the person beside you, and talk in Irish about the poem, that would have really benefitted us. (Dalta T2, Grúpa Fócais)


D'aithin SSM ina aighneacht go raibh sé “dúshlánach do chuid mhór múinteoirí sna luathbhlianta den leasú curaclaim dul i dtaithí ar ról na litríochta i dteagasc agus foghlaim na Gaeilge” ach ó 2018-2019 “[T]hug an-chuid múinteoirí aiseolas dúinn an bhliain sin go raibh an tuiscint agus an léargas a bhain siad as an gceardlann FGL sin tar éis dul i bhfeidhm go mór orthu agus go raibh siad ag dul i dtaithí ar na leasuithe agus na cuir chuige a bhí i gceist” (Aighneacht SSM).

Luaigh múinteoir T1 amháin na seánraí litríochta i gceist oscailte:

Is maith liom agus leis na scoláirí go bhfuil scannáin sa Ghaeilge mar chuid den chúrsa (Is trua, ámh, nach bhfuil a dhóthain ama sa scrúdú chun na seánraí ar fad a chlúdach ... agus sa pháipéar samplach, fágadh an scannán ar lár mar gheall air sin). (Múinteoir T1, Suirbhé)


Léirítear i bhFíor 20 go mba mhaith le múinteoirí T2 go ndéanfaí an gearrscannán a mheas mar chuid den chúrsa sa 2ú agus 3ú Bliain (T2).

**Fíor 20.** Ba chóir gearrscannán a mheas mar chuid den chúrsa sa 2ú agus 3ú Bliain (T2) (n=602)



Bhí múinteoir T2 dearfach faoin “Éagsúlacht ó thaobh seánraí litríochta de” (Múinteoir T2, Suirbhé). Léirítear i bhFíor 21 áfach gur cheap líon an-mhór múinteoirí nach raibh go leor eolais acu faoi na seánraí ceapadóireachta a ba cheart bheith ar eolas ag daltaí don scrúdú deiridh ag ardleibhéal. Chuir sé seo isteach orthu na sonraíochtaí a chur i bhfeidhm. D’aithin múinteoir amháin i ngrúpa fócais an tslí go raibh cosúlachtaí idir na scrúduithe Bhéarla agus Gaeilge maidir le seánraí scríbhneoireachta. Mheas sé nach raibh an tsonraíocht Ghaeilge soiléir go leor maidir le cleachtadh ar na seánraí éagsúla: “Ní léir nach bhfuil sé sin ag teastáil agus ní léir go bhfuil sé ag teastáil” (Múinteoir T2, Grúpa Fócais).

**Fíor 21.** Tuairimí na múinteoirí T2 & T1 maidir leis an eolais atá ar fáil maidir leis na seánraí ceapadóireachta a ba cheart bheith ar eolas ag daltaí don scrúdú deiridh ag ardleibhéal. (n=712)



Bhí an-bhaint ag forbairt labhairt na Gaeilge le cúrsaí litríochta. Beagnach gach múinteoir a mhol scrúdú béil, dúirt siad go raibh an iomarca béime ar an litríocht. Tá an tuairim a nocht an múinteoir seo a leanas i ngrúpa fócais ionadaíoch ar go leor eile.

De réir na sonraíochta, níl meas ag an sonraíocht ar labhairt na Gaeilge. Ba chóir go mbeadh tús áite ag éisteacht le Gaeilge agus í a thuiscint, agus ar labhairt na Gaeilge ... Inár saol laethúil, ar fud na cruinne, bímid i gcónaí ag éisteacht, bímid i gcónaí ag caint. Is annamh a bhímid ag léamh nó ag scríobh, nó ar a laghad, caithfimid i bhfad níos lú ama, ag léamh nó ag scríobh. Mar sin, má táimid chun an Ghaeilge a chur chun cinn, ba chóir go mbeadh béim ar labhairt na Gaeilge, ar éisteacht leis an nGaeilge in úsáid mar ghnáth-theanga laethúil. (Múinteoir T2, Grúpa Fócais)

Dar le múinteoir eile:

Tá na daltaí tachtadh ag an litríocht... Tá an tríú bhliain agamsa, ardleibhéal, agus níl a fhios agam céard le rá leofa. Bíonn siad ag rá liom, “Cén fáth nach bhféadfaimis Gaeilge a dhéanamh an chaoi go bhfoghlaímimid Francís ó Spáinnis? Tuige go gcaithfimid i gcónaí a bheith ag déanamh dánta is filíochta, is a bheith ag léamh scéalta is mar sin... Cén fáth nach bhféadfadh siad an teanga a fhoghlaim, mar ní fheictear dóibh gur [sin] atá siad ag foghlaim. Agus go leor acu nuair a chuala siad nach raibh aon cheist litríochta ar an ngnáthleibhéal, chuaigh siad síos go dtí an ngnáthleibhéal. (Múinteoir T2, Grúpa Fócais)

Thacaigh COGG le laghdú ar an líon litríochta ina haighneacht.

Ag brath ar an tsonraíocht a bhfuiltear ag tabhairt fúithi, caithfear líon áirithe saothar a chomhlíonadh sna seánraí éagsúla agus tá toirt na litríochta atá le clúdach ag cruthú dúshláin shuntasacha do mhúinteoirí agus do scoláirí, dúshláin nach bhfuil gá leo. Moltar go bhfiosrófaí na féidearthachtaí a bhainfeadh le cíorrú ar líon na saothar litríochta atá le staidéar, mar tá tuairimíocht fhorleathan ann, i measc scoileanna T1 & T2 araon, go bhfuil na riachtanais reatha ró-éilitheach. (Aighneacht COGG)


Luaigh múinteoir eile sa suirbhé gur fearr go mbeadh “Ceisteanna simplí ar an litríocht sa scrúdú tar éis staidéir a dhéanamh uirthi ag an ngnáthleibhéal”.

Bhí múinteoir amháin dearfach faoin rogha litríochta: “An méid rogha atá ann don litríocht agus don fhilíocht, is rud maith é sin...” (Múinteoir T2, Grúpa Fócais). Mhol múinteoirí sna grúpaí fócais fáil réidh le liosta Bliain 1. Go mbeadh liosta amháin ó Bhliain 1 go Bliain 3 mar go raibh mearbhall ar na daltaí. Mar a dúirt múinteoir amháin:

Chím anois é i mBliain 3 agus sinne ag dul siar ar na dánta. Tá cuid de na daltaí ag cuimhneamh ar na dánta a rinneadar i mBliain 1 agus táimse ag rá leo, déan dearmad orthu sin. (Múinteoir T1, Grúpa Fócais)

Mheas siad go mbeadh níos mó ama acu don litríocht seachas é a bheith brúite in dhá bhliain. Mar a fheictear i bhFíor 22 níor aontaigh ach líon beag múinteoirí go raibh ag éirí go maith leis an gcur chuige go n-eascaíonn an fhoghlaim i ngach aonad foghlama ón litríocht.

**Fíor 22.** Tá ag éirí go maith leis an gcur chuige go n-eascaíonn an fhoghlaim i ngach aonad foghlama ón litríocht (n=717)




Thacaigh An Gréasán leis na tuairimí seo in aighneacht:

Ní léir go bhfuil an cur chuige go n-eascaíonn an fhoghlaim i ngach aonad foghlama ón litríocht ag obair ar leibhéal praiticiúil. Ní mór athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar an gcur chuige seo. Ní mór féachaint an mbeadh cur chuige téamach níos praiticiúla agus níos feiliúnaí. Mar eiseamláir ar an bpointe seo, tá roinnt de na foilsitheoirí téacsleabhair i ndiaidh filleadh ar chur chuige téamach cheana féin. (Aighneacht, An Gréasán)

Bhí beagnach gach múinteoir den tuairim go gcuireann na sonraíochtaí an iomad béime ar an litríocht. Bhí tromlach mór míshásta le líon na dtéacsanna atá le staidéar do na sonraíochtaí. D'aontaigh 40% de mhúinteoirí T2 agus T1 go raibh caighdeán na dtéacsanna litríochta atá ar fáil do na sonraíochtaí sásúil do dhaltá ardleibhéil mar a léirítear i bhFíor 23.

**Fíor 23.** Tá caighdeán na dtéacsanna litríochta atá ar fáil do na sonraíochtaí sásúil do dhaltá ardleibhéil (n=713)



Maidir le daltaí gnáthleibhéil, d'easaontaigh formhór mór na múinteoirí go raibh caighdeán na dtéacsanna litríochta sásúil. Dar leis An Gréasán:

Níl an litríocht ar an gcúrsa oiriúnach do dhaltá gnáthleibhéil. Níl go leor téacsanna ann a bheadh oiriúnach do dhaltá gnáthleibhéil, ní dhéanann sé freastal ceart ar a riachtanais foghlama mar sin. Ní mór liosta litríochta gnáthleibhéil a chur ar fáil mar rogha. (Aighneacht, An Gréasán)

Mar a luadh cheana, d'aontaigh tromlach mór de mhúinteoirí T2 go mba chóir gearrscannán a mheas mar chuid den chúrsa sa 2ú agus 3ú Bliain. Ag teacht leis an tuairim seo, luaigh múinteoir T2 amháin sa suirbhé:



Níl múinteoirí gnáthleibhéal chun am a chaitheamh ar dhráma, gearrscéalta agus dánta nuair nach bhfuil siad sa scrúdú. Aontaím leis an litríocht a úsáid mar spreagadh agus an téacs a nascadh le téama, mar shampla spórt / saol an déagóra, ach thógfadh sé an oiread sin ama dul tríd dráma le rang GL ... Bheadh gearrscannán i bhfad níos éifeachtaí. (Múinteoir T2, Suirbhé)

D'aontaigh níos lú ná trian de na múinteoirí go bhfuil na téacsanna litríochta uile ó liosta na dtéacsanna éasca le haimsiú. D'áitigh an Chigireacht ina haighneacht go bhfuil sé “tráthúil anois go ndéanfar athbhreithniú ar an liostaí” don litríocht.

Mhol An Gréasán: “Ba cheart go mbeadh pdf nó leabhrán ar líne curtha ar fáil ina mbeadh fáil ar na dánta, na hamhráin, na gearrscéalta agus na drámaí uile ar na liostaí litríochta” (Aighneacht, An Gréasán). Luaigh SSM go mba “bhreá le múinteoirí eile dá mbeadh cóipeanna closleabhair ar fáil do níos mó de na gearrscéalta agus na húrscéalta chun tacú le scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Thacódh a leithéid d’acmhainn le cur chun cinn an chur chuige chomhtháite leis, ar ndóigh” (Aighneacht, SSM, T2). D’fhéafadh sé a bheith deacair é seo a chur i bhfeidhm go praiticiúil, áfach, de réir cúrsaí cóipchirt.

D'aontaigh níos lú na dhá thrian de mhúinteoirí go bhfuil a dhóthain téacsanna litríochta ar fáil sna canúintí éagsúla. Dúirt múinteoir T1 amháin, “Maidir leis an húrscéalta, níl aon cheann a fhreastalaíonn go sonrach ar chanúint *Gaeltacht X<sup>2</sup>* agus an-díomá orainn faoi sin” (Múinteoir T1, Grúpa Fócais). Dar leis An Gréasán: “Tá sé luaite go minic ag múinteoirí ó Chúige Uladh freisin nach bhfuil go leor téacsanna ó chúige Uladh ar na liostaí litríochta” (Aighneacht, An Gréasán). Dar leis an SSM, “D’fháiltigh an-chuid múinteoirí i gcomhthéacsanna T1 roimh an deis tabhairt faoin litríocht áitiúil/bhéil mar chuid den staidéar ar an litríocht i nGaeilge na Sraithe Sóisearaí (T1). Aithníonn múinteoirí an chumhacht a bhaineann leis an litríocht bhéil mar acmhainn in aistear foghlama an scoláire chun nasc níos láidre a fhorbairt leis an bpobal teanga” (Aighneacht, SSM, T1).

Thagair COGG ina haighneacht do na liostaí litríochta féin:

Tá sé riachtanach go mbeadh ábhar léitheoireachta ar fáil do scoláirí atá mealltach, comhaimseartha, ábhartha agus taitneamhach. Ní hionann cás na Gaeilge agus cás an Bhéarla i gcomhthéacs an tsoláthair litríochta agus déaglitríochta atá ar fáil. Tá sé tábhachtach go mbeadh deis ann na liostaí seo a leasú agus a athnuachan ar bhonn rialta - is dúshlán aitheanta


---

<sup>2</sup> Ní luaitear an ceantar Gaeltachta chun anaithnideacht an mhúinteora a chosaint.

é seo i gcomhthéacs na Gaeilge, agus cé go bhfuil soláthar áirithe ann, aithnítear go bhfuil teirce ann maidir le hábhar rialta atá aoisoiriúnach sna seánraí éagsúla. (Aighneacht COGG)

D'aontaigh tromlach mór de mhúinteoirí go dtagann an bhéim ar an litríocht salach ar aidhmeanna ginearálta maidir le scileanna cumarsáide an dalta a chur chun cinn mar a léirítear i bhFíor 24.

**Fíor 24.** Tagann an bhéim ar an litríocht salach ar aidhmeanna ginearálta maidir le scileanna cumarsáide an dalta a chur chun cinn. (n=716)



Tháinig téama na litríochta chun cinn go mion minic sa cheist oscailte sa suirbhé agus i ngrúpaí fócais na múinteoirí freisin. Bhí 319 múinteoir T2 as 490 (65%) agus 51 as 90 múinteoir T1 (57%) a d'fhreagair an cheist sin den tuairim go raibh an iomarca litríochta ar an gcúrsa. Anseo thíos tá blaiseadh de thuairimí na múinteoirí sa suirbhé.

Laghdaigh an méid litríochta ar an gcúrsa. (Múinteoir T2, Suirbhé)

Níos lú béim ar litríocht léamh agus foghlaim de ghlanmheabhair. (Múinteoir T2, Suirbhé)

Laghdú ar an méid litríochta atá le déanamh le GL agus AL; tá an iomarca ann agus ní féidir taitneamh a bhaint as. (Múinteoir T2, Suirbhé)

Tá i bhfad barraíocht litríochta. Níl sé cothrom ar na daltaí nó ar na múinteoirí. Tá muid ag caitheamh i bhfad barraíocht ama ar litríocht. (Múinteoir T1, Suirbhé)

An teanga a mhúineadh ar dtús sula dtugtar faoin litríocht. Níl siad aibí a ndóthain tabhairt faoin oiread sin litríochta ag an aois sin ... i mBéarla ná i nGaeilge. (Múinteoir T1, Suirbhé)

Sílím go ndéanann an litríocht an cúrsa níos suimiúla ach má bhíonn an iomarca litríochta i gceist, ní bhíonn deis agat dul i ngléis leis na fadhbanna teanga atá acu (Múinteoir T1, Grúpa Fócais)

Bhí roinnt múinteoirí den tuairim go raibh impleachtaí tromchúiseacha do mhúinteoirí agus do dhaltaí as an mbéim ar an litríocht. Léirigh an múinteoir seo a leanas mar seo sa suirbhé é:

Tá an Ardteist anois níos éasca ná an tSraith Shóisearach. Tá faisean nua mar sin ag tarlú i scoil s'againne - sé sin go bhfuil daltaí ag déanamh an gnáthleibhéal ag an JC agus an Ardleibhéal ag an AT [Ardteist]. Ar a laghad leis an ngnáthleibhéal, níl gá leis an litríocht ... agus tá am agat TEANGA a mhúineadh dóibh, tá na tascanna ar an bpáipéar bunaithe ar theanga amháin. (Múinteoir T2, Suirbhé)

Luaigh go leor múinteoirí go raibh daltaí ag déanamh an chúrsa gnáthleibhéil de bharr na béime ar an litríocht ag an ardleibhéal. Mar a scríobh múinteoir amháin:

Tá an iomarca béime leagtha ar an litríocht - Níl an Ghaeilge ag na daltaí agus iad ag teacht ón mbunscoil chun tabhairt faoi. Cuireann sé as go mór dóibh agus éiríonn siad as an ardleibhéal - beidh líon na ndaltaí ardleibhéal don ardteistiméireacht ag titim mar thoradh. (Múinteoir T2, Suirbhé)

Thagair an múinteoir seo do chaighdeán Gaeilge na ndaltaí agus iad ag teacht ón mbunscoil a phléitear sa chéad rannóg eile.

Ar an iomlán, bhí múinteoirí T1 níos oscailte do na féidearthachtaí a bhí sa litríocht ach an líon téacsanna a laghdú mar a scríobh an múinteoir seo a leanas: "Líon na dtéacsanna a laghdú. (Táimse go mór i bhfábhair na litríochta ach tagann líon na dtéacsanna salach ar an gcur chuige gníomhach atá in ainm is a bheith in úsáid chun gach téacs a mhúineadh. Bíonn ort léim ar aghaidh róthapaidh)" (Múinteoir T1, Suirbhé). Dar leis an SSM, "Is le déanaí atá múinteoirí ag lua linn an oiread taitnimh atá á bhaint ag scoláirí i gcomhthéacs T1 as na téacsanna litríochta" (Aighneacht, SSM, T1). Iarbheart amháin a bhí ag méid na litríochta i dtuairim mhúinteora amháin ná easpa ama don chruinneas teanga agus ceapadóireacht.

B'fhéarr liom níos mó ama a bheith agam chun díriú ar chruinneas (i.e., ar ghramadach) agus ar cheapadóireacht. Is í an easpa cruinnis agus an easpa saibhris sa scríbhneoireacht an bac is mó atá ar mo dhaltaí torthaí arda a bhaint amach agus mhothaigh mé nach raibh go leor ama agam le díriú air sin. (Múinteoir T1, Suirbhé)

Bhí tuairimí na múinteoirí T1 sna grúpaí fócais ag teacht leis an tuairim seo. Chonaic siad na féidearthachtaí sa tsonraíocht T1 i gcoitinne ach go raibh said "teanntaithe ag cúrsaí ama" (Múinteoir T1, Grúpa Fócais). D'áitigh an SSM ag tagairt don litríocht áitiúil/bhéil go "n-aithníonn múinteoirí na samplaí den saibhreas, den chruinneas agus den chanúnachas a bhíonn le feiceáil sna foinsí a bhailíonn an scoláire a thacaíonn leis ina thuras teanga féin" (Aighneacht, SSM, T1)

Thacaigh múinteoir eile leis an tuairim seo: “Gearr siar ar an litríocht, níl am ag múinteoirí na bunrudaí a mhúineadh níos mó mar tá siad chomh gafa leis an gcúrsa litríochta a chríochnú” (Múinteoir T1, Suirbhé). Tá deacracht ag na múinteoirí leis an gcothromaíocht idir an litríocht agus “níl go leor ama á chaitheamh ar shealbhú scileanna teanga eile agus ar chothú scileanna cumarsáide ach go háirithe” (Aighneacht, An Gréasán). Luaigh SSM ina aighneacht go bhfuil:

breis mhúinteoirí a aithníonn na deiseanna a bhaineann leis na téacsanna litríochta mar bhlaiseadh ar an gcultúr beo agus mar thobar na Gaeilge ina bhfuil samplaí den dea-chaint is den ghnáthchaint a thacaíonn le forbairt scileanna teanga ar fad an scoláire. Tá dea-scéalta go leor cloiste againn ó mhúinteoirí a thapaíonn deiseanna chun leas a bhaint as na téacsanna litríochta mar spreagthach don chumarsáid sa rang agus a chinntíonn go bhfaigheann na scoláirí cleachtadh ar chineálacha formáidí agus cuir chuige éagsúla mar chuid den ghnáthmheasúnú foirmitheach sa rang, bunaithe ar théacs litríochta mar spreagthach. (Aighneacht, SSM, T2)

Dealraíonn sé nach bhfuil an cur chuige comhtháite a mholann SSM á chur i bhfeidhm ag na múinteoirí a ghlac páirt sa taighde seo.

### 3.3.2 *Scrúduithe*

Gné de chur i bhfeidhm na n-ábhar nua sa tsraith shóisearach ba ea fócas a leagan ón tús ar an bhfoghlaim agus ar an teagasc. Chun an t-athrú cultúir seo a éascú agus tacú leis, níor eisigh CSS páipéir scrúdaithe samplacha d’ábhar ar bith go dtí téarma an fhómhair sa tríú bliain den chéad timthriall de shonraíocht ábhair nua. I gcás na Gaeilge, d’eisigh CSS páipéir shamplacha do Ghaeilge T1 agus T2 na Sraithe Sóisearaí i mí na Samhna 2019. Is fiú a chur san áireamh freisin nach gcuirtear uainiú molta do cheisteanna aonair san áireamh i ngach páipéar samplach na Sraithe Sóisearaí agus nach gcuirtear scéimeanna marcála ar fáil do pháipéar samplach ar bith. Cuireadh marcanna ar fáil, áfach, do gach ceist sna páipéir shamplacha do Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí T1 agus T2.

Tháinig sé chun cinn go minic sna grúpaí fócais go raibh easpa cinnteachta maidir leis an scrúdú. Dúirt na múinteoirí go raibh an fhoclaíocht sna páipéir shamplacha róghinearálta, róchasta agus nár thuig siad féin cad a bhí ag teastáil ó thaobh méid na scríbhneoireachta de, an t-am le caitheamh ar gach cheist, caighdeán, marcanna srl. Mheas na múinteoirí go raibh sé seo ina fhadhb ollmhór do na daltaí is laige ach go háirithe. Mar a dúirt múinteoir amháin:

... na daltaí atá ag déanamh na scrúduithe anois (2022), níl barúil acu cad ba cheart dóibh a bheith clúdaithe, go háirithe ó thaobh cúrsaí ceapadóireachta de, níl aon eolas ar cén cineál seánra a ba cheart a bheith ar eolas ag daltaí, níl aon eolas ar leith ar cén cineál ábhair ar


cheart a bheith ar eolas ag daltaí. Agus i ndáiríre, níl sé sin sásúil, agus cuireann sé bac ar an fhoghlaim ar bhealach, agus tugann sé laghmhisneach do dhaltaí. (Múinteoir T2, Grúpa Fócais)

Tharraing COGG aird ar na gnéithe seo a leanas den scrúdú ina haighneacht:

Cé go n-aithnítear go mbeidh tréimhse leabaithe i gceist maidir le struchtúrú na bpáipéar ceann cúrsa féin agus an t-aischothú a eascróidh uathu, tá míshástacht léirithe faoi ghnéithe áirithe de na páipéir i measc scoileanna. Bunaithe ar an aischothú sin, bheadh sé tábhachtach go mbeifí níos cáiréisí sa todhchaí faoi fhoclaíocht agus faoi shothuigteacht na gceisteanna. Pointe eile le nótáil ná go mbraitear go bhfuil míréir shuntasach ann idir toirt na litríochta atá clúdaithe i gcomhthéacs T1 ach go háirithe agus líon na gceisteanna a dtugtar fúthu sa scrúdú féin. (Aighneacht COGG)


Fiafraíodh de na múinteoirí an raibh siad sásta leis an Scrúdpháipéar Samplach. Bhí beagnach gach múinteoir míshásta leis an bpáipéar samplach don ardleibhéal. Léirítear i bhFíor 25 go raibh beagáinín os cionn 20% de mhúinteoirí sásta leis an scrúdpháipéar samplach don ghnáthleibhéal. D'aontaigh tromlach mór díobh nach raibh an Scrúdpháipéar Samplach oiriúnach le foghlaim na ndaltaí gnáthleibhéal a mheas.

**Fíor 25.** Tá an Scrúdpháipéar Samplach sásúil mar atá, sa pháipéar gnáthleibhéal (n=712)



D'eaontaigh an chuid is mó de mhúinteoirí gur spreag an Scrúdpháipéar Samplach iad chun straitéisí don teagasc ghníomhach/ fhoghlaim ghníomhach a úsáid mar a léirítear i bhFíor 26. Bhí beagáinín os cionn aon cheathrú de mhúinteoirí T1 a bhí sásta gur spreag sé iad le straitéisí don teagasc ghníomhach/ fhoghlaim ghníomhach a úsáid.

**Fíor 26.** Spreag an Scrúdpháipéar Samplach mé chun straitéisí don teagasc ghníomhach/ fhoghlaim ghníomhach a úsáid (n=713)



D’easaontaigh tromlach mór de mhúinteoirí go raibh a dhóthain ama ar fáil don scoláire sa Scrúdú Deiridh le gach ceist a fhreagairt ag ardleibhéal. Bhí na múinteoirí T2 roinnte leath is leath maidir leis an Scrúdú Deiridh ag gnáthleibhéal, leath acu ag aontú agus leath acu ag easaontú. Bhí beagnach an tríú chuid de mhúinteoirí T1 ag aontú go raibh a dhóthain ama ar fáil don scoláire sa Scrúdú Deiridh le gach ceist a fhreagairt ag gnáthleibhéal.

Bhí gach múinteoir nach mór ag aontú go mba cheart scéim mharcála agus páipéir shamplacha eile a chur ar fáil. Mar a dúirt múinteoirí T1:

Fuaireamar an páipéar samplach in 2018 sílim. Anois in 2022, tá dhá uair an chloig ag na daltaí, tá 270 marc ... níl a fhios agamsa go fóill cá bhfuil an 270 marc san ag dul. (Múinteoir T1, Grúpa Fócais)

Ní bhfuairéamar scéim mharcála. Níl a fhios agam an bhfuil mé ródhian nó róbhog ar mo chuid daltaí mar nach bhfuil rud ar bith ar fil mar threoir domsa mar mhúinteoir. (Múinteoir T1, Grúpa Fócais)

Fós tar éis trí, ceithre bliana, níl ann ach páipéar samplach amháin. Tá sé sin déistíneach ... Tá siad ag rá linn inár múinteoireacht go mba chóir go mbeadh critéir ratha ann ach níl aon critéir ratha dúinn. (Múinteoir T2, Grúpa Fócais)

Is mor an náire nár foilsíodh na páipéir scrúdaithe ó anuraidh agus an bhliain roimhe sin. Nuair a bhí na scrúduithe curtha ar ceal. (Múinteoir T2, Grúpa Fócais)

Bhí an méid seo le cur in iúl ag An Gréasán faoina scrúdpháipéir:

Foilsíodh na scrúdpháipéir shamplacha ródhéanach. Níor foilsíodh na páipéir shamplacha go dtí mí na Samhna i mbliain a 3 den chéad ghrúpa, agus níor foilsíodh ach páipéar samplach amháin do gach leibhéal. Ní raibh seo sásúil agus bhí múinteoirí agus daltaí ag obair sa dorchadas. Níor cuireadh scéim mharcála ar fáil ach oiread, rud arís a chothaíonn an chuid neamhchinnteachta. Nuair a foilsíodh na páipéir shamplacha i mí na Samhna 2019 bhí an caighdeán ródhúshlánach do dhaltaí, agus rinneadh neamhaird ar ár n-iarratais le tuilleadh páipéir shamplacha a fhoilsiú le tuilleadh treorach a thabhairt do mhúinteoirí agus do dhaltaí. (Aighneacht, An Gréasán)

D’aontaigh beagnach gach múinteoir go bhfuil an iomarca béime ar cheisteanna litríochta ar an Scrúdpháipéar Samplach Ardleibhéil. Bhí céatadán ard de mhúinteoirí ag aontú nach raibh an scrúdpháipéar samplach oiriúnach le foghlaim na ndaltaí gnáthleibhéil nó ardleibhéil a mheas. Nocht múinteoirí T1 an tuairim sna grúpaí fócais go raibh na ceisteanna róchasta. Mar a dúirt múinteoir T1 amháin: “Tá cuid de na ceisteanna, sílim féin, ródheacair do pháistí ceithre bliana déag, cúig bliana déag” (Múinteoir T1, Grúpa Fócais).

Tharraing An Gréasán aird ar an gceist chéanna:

Ba cheart go mbeadh na treoracha sna ceisteanna intuigthe agus go mbeadh daltaí ábalta iad a láimhseáil. Ba cheart go mbeadh na tascanna suimiúil, spreagúil, go mbainfidís le saol agus le suimeanna na ndaltaí, agus nach mbeadh na tascanna saorga nó áiféiseach. Níl na páipéir shamplacha ... ag teacht leis an méid seo. (Aighneacht, An Gréasán)

Nocht na daltaí agus na múinteoirí tuairimí faoin gcluastuiscint sna páipéir shamplacha. Dúirt na daltaí sna scoileanna T2 ach go háirithe go raibh deacrachtaí acu leo. Ba é luas na cainte an gearán ba choitianta agus go raibh an oiread cainte. Chomh maith leis sin, bhí gearán ann go raibh na ceisteanna ró-fhada le coincheap a choimeád sa cheann chun an cheist a fhreagairt.

It flies through ... It’s so much, especially if they ask long sentences. You’re trying to write it out and think of the spelling at the same time and then try to get to the next question. (Dalta T2, Grúpa Fócais)

I didn’t like the listening comprehensions. They were a bit too fast, and not slow enough pace for some people that can’t take in loads of information with only a couple of seconds to write down an answer. (Dalta T2, Grúpa Fócais)

Bhí deacrachtaí ag daltaí T2 ach go háirithe dul i ngleic leis na canúintí éagsúla, de bharr easpa teagmhála teanga. D'aithin múinteoir T1 amháin sa suirbhé é a bheith ina bhua go bhfuil “béim fós ar an gcluastuiscint (Múinteoir T1, Suirbhé). D'iarr roinnt múinteoirí T2 go gcuirfí níos mó béime ar an gcluastuiscint, go mbeadh na ceisteanna níos éasca, go ndéanfaí an taifeadadh a mhoilliú síos agus go seinnfí na sleachta trí huair. Cheap cuid acu nach raibh cuid de na ceisteanna bunaithe ar an gcluastuiscint féaráilte: “Bíonn ceisteanna ag lorg tuairimí ar an cluastuiscint. Níl sé seo féaráilte” (Múinteoir T2, Grúpa Fócais).

Níor shuigh aon duine de na daltaí a ghlac páirt san athbhreithniú seo scrúdú oifigiúil na Sraithe Sóisearaí. Mar sin, ní féidir a mheas cén tuairim a bheadh acu ar an ngné seo den tSonraíocht. Maidir leis an bpáipéar samplach amháin a eisíodh (Samhain 2019), bhí roinnt gearáin ag na daltaí a d'fhéach air. An rud is mó a tháinig chun cinn ná gur bhraitheadar nach raibh a dhóthain ama leis an bpáipéar a chríochnú, go raibh an fhocláíocht deacair le tuiscint, agus go ndearna sé cúrsaí níos deacra dóibh nach raibh aon mharcanna luaite ar na ceisteanna chun iad a threorú ó thaobh cé mhéid ama a bhí le caitheamh ar gach ceist. Ó thaobh a bheith ullamh, dúirt an tromlach díobh nach raibh.

Bhí an t-ádh liom gur tháinig COVID. Seo an t-aon rud atá le rá agam. (Dalta T1, Grúpa Fócais)

Ní raibh mé réidh dó ar chor ar bith. (Dalta T1, Grúpa Fócais)

We wouldn't have been ready at all; oh, yeah, we would fail it. (Dalta T2, Grúpa Fócais)

### 3.3.3 *Achoimre*

Tá béim sna sonraíochtaí Gaeilge T1 agus T2 ar an bhféinfheasacht agus ar an bhfoghlaim féinriartha. Chuir an SSM fianaise áirithe i láthair maidir le daltaí ag glacadh úinéireachta ar a gcuid foghlama féin. Níorbh léir ó na daltaí agus na múinteoirí a ghlac páirt sa taighde seo go raibh an cleachtas seo forleathan. D'aithin roinnt múinteoirí an dúshlán a bhain le rogha a thabhairt do na daltaí. Tháinig cúrsaí litríochta chun cinn arís sa rannóg seo agus múinteoirí míshásta go n-eascraíonn an fhoghlaim sna haonaid foghlama ón litríocht ach go háirithe do dhaltaí gnáthleibhéil. Chonaic múinteoirí T1 níos mó féidearthachtaí leis an litríocht ach líon na dtéacsanna a laghdú. Léirigh múinteoirí agus scoláirí míshástacht le gnéithe den pháipéar samplach agus ba léir freisin míshástacht leis an gcluastuiscint den pháipéar samplach.

## 3.4 Taithí na ndaltaí agus na múinteoirí ar sholáthar difreáilte ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí

Gné shuntasach de na sonraíochtaí ná go bhfuil dhá cheann ann a aithníonn na leibhéil éagsúla cumais i gcomhthéacsanna scoile difriúla. Nocht na múinteoirí tuairimí faoi seo sa suirbhé agus sna grúpaí



fócais. Níor léirigh na daltaí aon tuairimí faoi leith faoin gceist seo. D'fháiltigh múinteoirí T1 sna grúpaí fócais roimh an tsoláthar difreáilte T1 agus T2.

Cuireann sé in iúl go soiléir go bhfuil an cainteoir dúchais agus na foghlaimeoirí, go bhfuil áiteanna faoi leith acu san go bhfuil freastal idirdhealaithe le déanamh. B'in aidhm mhór leis na sonraíochtaí. Go ndéanfaí freastal ar an cainteoirí dúchais ach go bhfuil na foghlaimeoirí chomh maith go bhfuil tábhacht leo san agus go gcaithfear iad a spreagadh. (Múinteoir T1, Grúpa Fócais)

Tá sé an-soiléir domsa go bhfuil ormsa mar mhúinteoir T1 sa Ghaeltacht go bhfuilim den chéad uair riamh, anois go bhfuil sé ar pháipéar, go gcaithfear freastal ar an gcainteoir dúchais agus tacú leis nó léi ach go bhfuil na foghlaimeoirí ann chomh maith. Chuirfinnse fáilte roimhe san. (Múinteoir T1, Grúpa Fócais)


Chonacthas thuas go raibh níos mó tacaíochta ó mhúinteoirí T1 do MRB1 agus go mb'fhéidir nach bhfuil dóthain cumas Gaeilge ag gach dalta chun machnamh faoina bhfoghlaime féin. Scríobh múinteoir T2 amháin: "Tá an t-athdhréachtú a bhaineann leis an bpunann go maith do dhaltaí ardleibhéal" (Múinteoir T2). Ar an lámh eile, scríobh múinteoir eile i scoil T2: "Ródhúshlánach do dhaltaí i [scoileanna] T2" (Múinteoir T2, Suirbhé). D'fháiltigh roinnt múinteoirí T1 roimh an dúshlán breise:

Tugann sí deis do chainteoirí líofa Gaeilge a gcumas agus a gcaighdeán cumarsáide agus teanga a neartú. Spreagann sí féinmhachnamh agus soláthraíonn sí deis chuige sin. Cothaíonn sí neamhspleáchas sa dalta agus spreagann sí an dalta chun freagracht a ghlacadh as a fhoghlaim phearsanta. (Múinteoir T1, Suirbhé)

Tugann sé dúshlán níos mó do dhaltaí Gaeltachta / Gaelcholáistí i gcomparáid leis an sean-chúrsa - ach go ndeachaigh siad thar fóir leis an méid litríochta atá tugtha dúinn. (Múinteoir T1, Suirbhé)


Maidir leis an soláthar difreáilte do dhaltaí a bhfuil cumais éagsúla acu, d'easaontaigh formhór mór na múinteoirí gur fhreastail na sonraíochtaí agus na measúnachtaí ar na daltaí de gach saghas cumais mar a léirítear i bhFíor 27.

**Fíor 27.** Freastalaíonn an tSonraíocht agus na measúnachtaí ar na daltaí uile, de gach saghas cumais (n=718)



Theastaigh ó go leor múinteoirí go mbeadh sonraíocht Bonnleibhéil ann agus bhí an tuairim seo níos láidre i measc múinteoirí T2 ná T1. Mar a scríobh múinteoir T2 amháin: “Páipéar bonnleibhéil a bheith ann do na daltaí laga” (Múinteoir T2, Suirbhé).

**Fíor 28.** Ba cheart go mbeadh scrúdú bonnleibhéil ar fáil do dhaltáí (n=714)



Bhain an t-aiseolas is mó ó na múinteoirí maidir le difreáil leis na dúshláin a bhraith siad a bheith rómhór sna sonraíochtaí do formhór na ndaltaí gan trácht ar dhaltáí a bhfuil riachtanais bhreise oideachais acu. Tugtar blaiseadh anseo thíos de chuid de na tuairimí a roinn múinteoirí sa suirbhé maidir le difreáil:

An scrúdú béil a thabhairt ar ais arís. Tá an-iomarca litríochta. Tá an-bhrú ar daltaí go háirithe daltaí laga” (Múinteoir T2, Suirbhé).

... tá daltaí laga in ardleibhéal ag rith isteach sa rang gnáthleibhéal (Múinteoir T2, Suirbhé).

Ní féidir le daltaí laga MRB2 a dhéanamh i gceart, a gcuid oibre a fhoghlaim de ghlanmheabhair (teipeann leo de réir na n-eiseamláirí ar an suíomh JCT, níl sé sin ceart) (Múinteoir T2, Suirbhé)

Níl difreáil, níl freastal á dhéanamh ar na scoláirí laga (Múinteoir T1, Suirbhé)

Scrúdú béil 40%, go háirithe do scoláirí laga atá líofa sa teanga (Múinteoir T1, Suirbhé)

Níl an cúrsa ag freastal ar dhaltaí ar leibhéal chumais éagsúla - tá an méid litríochta ag cur bac ar dhul chun cinn na ndaltaí sa teanga féin (Múinteoir T1, Suirbhé)

D’ardaigh na múinteoirí sna scoileanna T1 caighdeán an pháipéir scrúduithe. Mar a fheictear anseo, bhí siad den tuairim go raibh an caighdeán ró-ard agus gan an freastal ceart ar réimse cumais:

Tá an páipéar a fuairamar dúshlánach gan dabht. Bhí sé agus tá sé fada. Tá sé dírithe ar an dalta a bhfuil bua na scríbhneoireacht aige nó aici. Tá an dalta lag dearmadta go huile is go hiomlán. Nó an dalta a bhfuil riachtanais speisialta nó gur cainteoir dúchais é nó í, níl áit ag an dalta san sa pháipéar measaim. (Múinteoir T1, Grúpa Fócais)

Tá 100% de na marcanna ag dul ar an bhfocal scríofa. Níl sé ag freastal ar na daltaí ar fad atá agamsa. Tá deacrachtaí foghlama ag cuid acu. Tá riachtanais speisialta acu. Níl said ábalta scríobh ar an luas atá ag teastáil chun marcanna maithe a fháil sa pháipéar. Ach is cainteoirí maithe Gaeilge iad ach níl sé ag freastal orthu a bheag nó a mhór. (Múinteoir T1, Grúpa Fócais)

### **3.4.1 Achoimre**

Bhí múinteoirí T1 ach go háirithe dearfach faoin bhfreastal a dhéanann sonraíocht T1 ar riachtanais na ndaltaí cumasacha atá faoina gcúram. Bhí na múinteoirí buartha faoin bhfreastal a dhéantar ar dhaltaí nach bhfuil chomh cumasach sin nó a bhfuil riachtanais bhreise oideachais acu. Theastaigh uathu go mbeadh scrúdú Bonnleibhéil ar fáil do na daltaí sin.

### 3.5 Peirspictíochtaí ar an aistriú ó Ghaeilge na bunscoile go Gaeilge na Sraithe Sóisearaí, agus ó Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí go Gaeilge na Sraithe Sinsearaí don chohórt seo agus do chohóirt amach anseo

Tá curaclaim idirdhealaithe ar fáil i mbunscoileanna na hÉireann le blianta fada. Tugadh isteach curaclam nua comhtháite, Curaclam Teangacha na Bunscoile, in 2019 chun tacú le páistí ina bhfoghlaím teanga ó na naíonáin shóisearacha go rang a sé. Tá dhá leagan den churaclam i bhfeidhm, ceann acu dírithe ar scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge, agus ceann dírithe ar scoileanna ina bhfuil an Béarla mar mheán teagaisc iontu. Sa chuid seo, pléitear an t-aistriú ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil ar dtús agus ón tSraith Shóisearach go dtí an tSraith Shinsearach ina dhiaidh sin. Cé is moite de COGG, níor luaigh aon aighneacht eile an leanúnachas ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil. Tharraing COGG aird ar labhairt na Gaeilge:

Nuair a fheictear an bhéim atá ar an nGaeilge labhartha ag leibhéal na hArdeistiméireachta agus an bhéim a leagtar ar an inniúlacht chumarsáideach agus an teanga ó bhéal i gCuraclam Teanga na Bunscoile, feictear nach bhfuil an córas reatha ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí ag soláthar dóthain leanúnachais nó ag ullmhú na scoláirí don scrúdú béil atá le teacht ag leibhéal na hArdeistiméireachta, a bhfuil an oiread sin marcanna ag dul dó, agus leasuithe de dhíth dá réir sin. (Aighneacht COGG)

Bhí neart tuairimí ag daltaí T2 maidir leis an leanúnachas agus aontú ginearálta ina measc go raibh léim ollmhór ann ó thaobh caighdeán na Gaeilge a bhí de dhíth san iar-bhunscoil i gcomparáid leis an mbunscoil. Bhí an chuma ar an scéal nach raibh an léim seo chomh mór do dhaltaí i scoileanna T1. Bhí roinnt mhaith daltaí T2 a dúirt gur bheag Gaeilge a bhí acu agus iad ag aistriú isteach ón mbunscoil agus cheap siad nár aithníodh é seo nuair a thosaíodar san iar-bhunscoil. Chruthaigh sé seo fadhbanna maidir le foghlaim na teanga mar, dar leo, bhí múinteoirí agus an cúrsa go ginearálta, ag súil le caighdeán níos airde uatha, ná mar a bhí acu:

I thought it was a big jump, because when you come into secondary school, they only speak Irish with you, they [the teachers] just speak Irish to you, so when you're trying to tell them that you don't understand it, and that you'd rather them to say it in English, they kind of say a little bit of English, but then they'll go back to Irish, and then you're kind of confused again. (Dalta T2, Grúpa Fócais)

Primary to secondary is just a very big jump. It's like they're assuming that you're the same level English-speaking as Irish-speaking. (Dalta T2, Grúpa Fócais)

Some of the comprehensions, it's like they're expecting us to be fluent in Irish... but if you don't know most the words, then you have to develop them... So if we knew how to speak Irish, say, for the first few years of Junior cert, and we got to know the basics, or even more than the basics, just speaking Irish, then put us on to comprehensions and poetry. Then we'd know what the words to use... (Dalta T2, Grúpa Fócais)

Aithníodh an difríocht sa chaighdeán seo sa dara bhliain ach go háirithe. Bhí daltaí eile réasúnta sásta leis an aistriú, cé go bhfuair an léim ón mbunscoil go hiar-bhunscoil, maidir le foghlaim na Gaeilge, dúshlánach.

First year wasn't too bad. You were introduced to the verbs and everything, the different tenses ... it was a nice transition from primary into secondary school. (Dalta T2, Grúpa Fócais)

I thought it was alright. But once you hit second year, you were just loaded with work. Like, first year was quite handy. (Dalta T2, Grúpa Fócais)

Dar le roinnt daltaí T2 ach go háirithe, chuir an bhéim ar an bhfocal scríofa agus an obair litríochta a bhí le feiscint sa tSraith Shóisearach leis na deacrachtaí a bhí acu, maidir le sealbhú na teanga. D'aithin na daltaí fadhb leis na leabhair a bhí ar fáil – nach rabhadar ag freastal ar dhaltaí nach raibh Gaeilge acu. Rinneadh gearán nach raibh aon Bhéarla sna leabhair teagaisc, chun an bun-fhoghlaim a threorú: “Sometimes it tells you what to do in Irish, and you don't understand what the question means in Irish” (Dalta T2, Grúpa Fócais).


Bhí sé le haithint i dtuairiscí na ndaltaí gur bhraitheadar gur múineadh an Ghaeilge i slí an-éagsúil ag an dá leibhéal den chóras a raibh taithí acu orthu; ó chomhthéacs bunscoile nár leag mórán béime ar an litríocht go comhthéacs iar-bhunscoile, a bhí rialaithe aici. Bhí an tuiscint ann go raibh an obair sa bhunscoil níos dírithe ar an bhfocal labhartha, agus gur bhaineadar sult as seo. Bhí an Ghaeilge níos deacra ag an iar-bhunleibhéal de bharr an easpa béime ar an obair labhartha.

Rinneamar go leor amhrán le chéile, agus rudaí mar sin, agus ceapaim féin go bhfuil difríocht mór idir an bealach go bhfuil mé ag foghlaim na Gaeilge anois ... Ceapaim go bhfuil sé níos deacra [anois]. Nuair a bhíonn tú, kind of, ag déanamh é labhartha, gheobhainn sé níos nádúrtha tar éis píosa ama. (Dalta T1, Grúpa Fócais)

Bhí roinnt daltaí i ngrúpaí fócais T1 a tháinig ó bhunscoil meán-Bhéarla, ach bhíodar siúd ábalta teacht timpeall ar an bhfadhb seo i ndiaidh tamaillín, de bharr comhthéacs na scoile. Dóibh siúd a chuaigh ó bhunscoil lán-Ghaeilge go hiar-bhunscoil T2, níor aithníodar aon chosúlachtaí sa tslí inar múineadh an Ghaeilge. Léiríonn seo, arís, an tábhacht a bhaineann foghlaim na Gaeilge leis an gcomhthéacs scoile agus an cultúr ginearálta, lasmuigh den rang Gaeilge amháin.

Bhí deis ag na múinteoirí a dtuairimí a nochtadh maidir leis an leanúnachas san fhoghlaim ón mbunscoil go dtí an tSraith Shóisearach agus ar aghaidh go cúrsa na hArdteistiméireachta. Léirítear i bhFíor 29 gur easaontaigh tromlach mór acu go dtógann Sonraíocht T2 go maith ar a bhfuil foghlamtha ag na daltaí ón mbunscoil.

**Fíor 29.** Tógann an tSonraíocht go maith ar a bhfuil foghlamtha ag na daltaí ón mbunscoil (n=721)



Luaigh go leor múinteoirí T2 sa suirbhé caighdeán íseal na ndaltaí agus iad ag teacht isteach ón mbunscoil:

Níl an caighdeán, a thagann daltaí ón mbunscoil leis, ard go leor chun tabhairt faoin ardeibhéal. Ba chóir tabhairt faoi cosúil leis an MFL- le tuiscint nach bhfuil rudaí bunúsacha ar eolas ag daltaí. (Múinteoir T2, Suirbhé)

Tá an caighdeán atá ag teastáil ó na daltaí ró-ard mar tagann a lán acu isteach ón mbunscoil gan mórán Gaeilge acu. (Múinteoir T2, Suirbhé)

Níl mé ag caitheamh anuas ar bhunmhúinteoirí ach tá sé ann. Tá an caighdeán atá ag teacht isteach chugainn níos ísle. Níl aon dul as ach é sin a aithint. (Múinteoir T2, Grúpa Fócais)

Le cúpla bliain anois, tá caighdeán na Gaeilge sa chéad bhliain níos laige, agus níl grá acu don teanga ... agus bíonn sé níos deacra orainne [Múinteoirí] ansin. Bíonn rang comónta os ár gcomhair, agus conas iad go léir a spreagadh, agus a bheith ag obair leo, agus just tá sé fíor-fíor-dheacair le rang céad bliana anois. (Múinteoir T2, Suirbhé)

Dealraíonn sé ó thuairimí na múinteoirí go bhfuil míréir idir caighdeán Gaeilge na ndaltaí agus iad ag teacht isteach san iar-bhunscoil agus an caighdeán a éilíonn na sonraíochtaí.

Maidir leis an leanúnachas ó tSraith Shóisearach go dtí an tSraith Shinsearach, rinne roinnt daltaí gearán nach raibh scrúdú béil ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí agus nár chabhraigh sé seo leo ullmhú don Ardteist:

I think an oral exam would be better because you have to do one in sixth year ... Not having one in third year and then going into Leaving Cert and having to do one, and all that pressure... I think having one, not as serious, in third year ... would set you up and know how to do it for Sixth year, so it's not completely new to you. I think it would be better that way. (Dalta T2, Grúpa Fócais)

Tháinig an tuairim chun cinn ó dhaltáí sa chúigiú bliain gur bhraitheadar go raibh litríocht na hArdteiste níos éasca ná cúrsa na Sraithe sóisearaí. Níor aithin scoláirí áirithe mórán de dhifríocht idir an modh teagaisc don tSraith Shinsearach agus an tSraith Shóisearach, ag rá go raibh an-chosúlacht eatarthu toisc an bhéim a cuireadh ar na scéalta láithreach bonn: "straight back into it" (Dalta T2, Grúpa Fócais). Cuireann seo in iúl arís gur chuid lárnach den gcúrsa Ardteiste í an litríocht chomh maith. Chabhraigh sé freisin nuair a bhí an múinteoir céanna acu, rud a chinntigh leanúnachas de shaghas éigin.


Bhí na daltaí ó scoileanna T1 den chuid is mó sásta go rabhadar ullamh le tabhairt faoin gcúrsa Ardteiste. Bhí roinnt daltaí i scoileanna T2 go hiomlán diúltach maidir le héifeacht na sraithe sóisearaí chun iad a ullmhú le tabhairt faoi chúrsa na Sraithe Sinsearaí. Bhí éifeacht mhór ag COVID i leith seo.

I think, with Covid, we didn't get a lot done, so I don't think we have a big knowledge of Irish. So for me, I don't think I would be 100% ready for Irish in Leaving Cert. (Dalta T2, Grúpa Fócais)

Chomh maith leis sin, toisc nach ndearna said aon scrúdú stáit, bhraitheadar leis go rabhadar faoi mhíbhuntáiste: "because we never got to actually do the proper exam, we have no idea what it's really like" (Dalta T2, Grúpa Fócais).

D'éasaontaigh formhór na múinteoirí go n-ullmhaíonn na sonraíochtaí na daltaí le tabhairt faoi chúrsa na hArdteiste atá ann faoi láthair mar a léirítear i bhFíor 30.

**Fíor 30.** Ullmhaíonn an tSonraíocht daltaí le tabhairt faoi chúrsa na hArdteiste atá ann faoi láthair (n=719)



Luagh na múinteoirí sna grúpaí fócais go raibh bearna ollmhór idir na daltaí a thabhairt ar aistear foghlama “idéalach” agus iad a ullmhú le tabhairt faoin Ardteist amach anseo.

Thacaigh Múinteoir T2, Grúpa Fócais leis na tuairimí seo nuair a dúirt sí:

Fiú má athraíonn an Ardteist, beidh sé nasctha leis an CAO, agus dá fhad is atá cúrsaí mar sin, caithfidh go bhfuil bunús maith á bhfáil ag scoláirí ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí, agus i láthair na huaire, nílimse ag ceapadh go bhfuilim ag déanamh an rud is fearr do mo scoláirí. (Múinteoir T2, Grúpa Fócais)

### 3.5.1 Achoimre

Cheap daltaí T2 go raibh léim ollmhór ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil ó thaobh caighdeán na Gaeilge de. Ní raibh an léim seo chomh mór, áfach, do dhaltaí T1. Rinne cuid de na daltaí gearán nach raibh aon Bhéarla sna téacsanna chun cuidiú leo. Cheap na múinteoirí go raibh an caighdeán a éilítear i sonraíochta T2 ródhúshlánach do na ndaltaí leis an gcaighdeán a bhí bainte amach acu agus iad ag teacht n mbunscoil. Tháinig ceist na litríochta agus an scrúduithe béil chun cinn arís sa rannóg seo. Cheap roinnt daltaí agus múinteoirí go raibh litríocht na hArdteistiméireachta níos éasca ná cúrsa na Sraithe sóisearaí ach nach raibh na daltaí ullamh don Ardteist toisc nach raibh scrúdú béil grádaithe déanta ag an daltaí mar chuid den Teastas Sóisearach.



### 3.6 Ábhair eile a tháinig chun cinn sa taighde

Sa rannóg seo pléitear topaicí a tháinig chun cinn sna haighneachtaí, sna grúpaí fócais agus sna ceisteanna i suirbhé na múinteoirí. Cé nár bhain siad go dlúth leis na heochaircheisteanna a leagadh amach i sonraíocht an taighde, mheas na rannpháirtithe go raibh tábhacht ag baint leo. I measc na n-ábhar a pléitear thíos tá tionchar Covid-19 ar chur i bhfeidhm na sonraíochtaí, aitheantas d'obair labhartha na ndaltaí sa scrúdú deiridh, tacaíocht do mhúinteoirí na sonraíochtaí nua a chur i bhfeidhm agus an Fráma Tagartha Comónta Eorpach um Theangacha.

#### 3.6.1 *Tionchar COVID-19*

D'ardaigh na daltaí tionchar COVID-19 ar fhoghlaim na Gaeilge sna grúpaí fócais. An dá éifeacht ba mhó a bhí ag COVID ar fhoghlaim na ndaltaí ná gur chuir an obair ón mbaile thar ríomhaire laghmhisneach ar na daltaí, agus gur bhain sé ón bhféinspreagadh a bhí acu. Chomh maith leis sin, bhraith siad raibh titim sa chaighdeán ginearálta a bhí acu:

Usually people would just wake up, on the spot go to class and then, they're barely awake, and then they just sit there, probably just on their phones, while the teacher is just talking about something that you're not even listening to, and then basically you're just wasting a full hour of class doing nothing. (Dalta T2, Grúpa Fócais)

Thóg an easpa teagmhála a bhí ag na daltaí lena chéile óna n-ábaltacht an Ghaeilge a fhoghlaim i slí neamhfhoirmiúil leis; ó thaobh comhrá faoi rudaí fánacha idir na ranganna, nó plé a dhéanamh ar rudaí sa rang:

Well, we were online most of the time, and I feel like, not a lot of people had the effort to just go online and do it. A lot of people would just doss the class because you were at home ... And they'd think like, 'oh it's online, like, no big deal'. And I think that if we were actually in class, we'd have a lot more done, and you'd be more focussed. (Dalta T2, Grúpa Fócais)

Cheap na daltaí gurb iad an Ghaeilge agus an mhatamaitic is mó a d'fhulaing i rith Covid, mar nach raibh an bunús ann roimh ré agus nach raibh daltaí chomh dírithe orthu seo iad féin, gan chomhthéacs na scoile: "Like people could have been logging on, but they weren't actually doing the work" (Dalta T2, Grúpa Fócais).

Chomh maith leis sin, aithníodh go raibh éifeacht dhifriúil le brath, maidir le daltaí as aicmí éagsúla, agus comhthéacsanna clainne éagsúla:

It was hard [to motivate yourself] because people have different living situations, so like someone could be in a really loud house where it's hard to concentrate or listen, whereas

some other people have like a quieter space, and they'd probably find it a lot easier, and be a lot more ahead than others. So it was difficult, cause I was in a loud house, so ... (Dalta T2, Grúpa Fócais)

Thuig na daltaí an éifeacht a bhain le bheith sa bhaile d'achar chomh fada sin, sa tslí is gur chuir sé brú mór ama maidir leis an gcúrsa a chríochnú, toisc go raibh an caighdeán ginearálta Gaeilge tar éis titim.


### 3.6.2 Aitheantas don obair labhartha

D'aithin an SSM ina haighneacht go raibh “go leor múinteoirí buartha nach raibh an scrúdú béil roghnach ar fáil a thuilleadh”. Chonacthas thuas gur thug thart fá 40% de dhaltaí faoin scrúdú béil roghnach in 2016. Áitíonn an SSM ina haighneacht go bhfuil sé:

tábhachtach a aithint go bhfuil an measúnú ar na scileanna labhartha mar chuid éigeantach den mheasúnú do gach scoláire (rud nárbh amhlaidh i gcás an Teastais Shóisearaigh; scrúdú béil roghnach a bhí i gceist). Tá scileanna cainte agus cumarsáide na scoláirí á meas sa dá Mheasúnú Rangbhunaithe. (Aighneacht SSM)


Dealraíonn sé ó thuairimí na ndaltaí agus na múinteoirí nach é sin an t-eispéireas a bhí ag formhór acu. Bhí tacaíocht an-láidir ó mhúinteoirí go mbeadh aitheantas ann don obair labhartha sa ghrád a fhaigheann daltaí ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit mar a léirítear i bhFíor 31.

**Fíor 31.** Ba chóir go mbeadh aitheantas ann don obair labhartha sa ghrád a fhaigheann daltaí ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit (n=716)




Is beag múinteoir nár aontaigh go raibh gá le scrúdú béil mar a léirítear i bhFíor 32. Chonacthas thuas gur thacaigh roinnt daltaí leis seo sna grúpaí fócais.

**Fíor 32.** Níl aon ghá le scrúdú béil a thabhairt isteach mar chuid de mheasúnú na Sraithe Sóisearaí (n=716)



Léirítear i bhFíor 33 go raibh tacaíocht láidir i measc na múinteoirí T2 agus T1 go mbeadh scrúdú béil ann mar chuid den mheasúnú agus beagnach gach múinteoir T2 agus T1 i bhfabhar MRB amháin agus scrúdú béil a bheith ann in áit dhá MRB.

**Fíor 33.** Tuairimí na múinteoirí T2 & T1 maidir le MRB amháin agus scrúdú béil a bheith ann (n=714)



Tháinig sé chun cinn sna grúpaí fócais le múinteoirí go raibh éileamh an-láidir go mbeadh béaltriall ann a thiocfadh in áit ceann de na MRBanna. Thuig na múinteoirí go raibh ceist ann faoi cé atá chun na scrúduithe béil a cheartú ach iad diongbháilte go gcaithfeadh sé a bheith ann. Bhí léargas ó mhúinteoirí

a raibh taithí acu ar an scrúdú béil roghnach faoin Teastas Sóisearach. Bhí múinteoir amháin den tuairim:

Os rud é nach bhfuil scrúdú cainte ann, níl meas ag na daltaí ar labhairt na teanga. Ní chuireann múinteoirí béim ar labhairt na teanga mar níl aon scrúdú air ... Rinneamar an scrúdú béil don teastas sóisearach inár scoil féin, agus bhí méadú suntasach ar líon na ndaltaí a rinne Gaeilge ag an Ardleibhéal ag an Teastas Sóisearach agus Ardteist, de bharr an scrúdaithe béil. Tá an fhianaise ann, má chuirtear béim ar an scrúdú béil, má bhíonn scrúdú béil agus má ullmhaítear na daltaí chuige, go n-oibreoidh na daltaí don scrúdú béil agus is fearr leo an t-ullmhúcháin [seo] ná an t-ullmhúcháin don obair scríofa. (Múinteoir T2, Grúpa Fócais)

Bhí an tuairim seo ag teacht le múinteoirí eile a cheap nach raibh meas ar an teanga labhartha sna sonraíochtaí agus go raibh gné luachmhar caillte dá bharr.

Tá dhá cheann déag de na torthaí foghlama as an 52 ag plé leis cumas labhartha ... ar pháipéar tá sé ann. Ach an fhadhb atá agamsa leis, an áit as a bhfuilimse ag teacht, ag múineadh i Scoil Ghaeltachta agus tuismitheoirí ag a' baile ag streachailt agus ag iarraidh leanaí a thógaint leis an teanga, ina bhfuil Polasaí don Oideachas Gaeltachta againn chomh maith agus a deireann go soiléir go gcaithfear tacú leis an tuismitheoir agus leis an gcainteoir. Ní thugann an tsonraíocht an t-aitheantas don teanga labhartha. (Múinteoir T1, Grúpa Fócais)

Thagair COGG don mheasúnú ar an nGaeilge labhartha ina haighneacht agus an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta:

Leagann an Polasaí don Oideachas Gaeltachta agus na critéir theanga-bhunaithe atá le comhlíonadh ag scoileanna, agus iad ar a n-aistear chun aitheantas a bhaint amach mar scoileanna Gaeltachta, béim láidir ar labhairt na Gaeilge mar theanga an teagaisc agus an tsóisialaithe sna scoileanna seo ... moltar go ndéanfaí athbhreithniú ar an ngné thábhachtach seo agus go mbronnfaí ualú i bhfad Éireann níos suntasaí do ghné na Gaeilge labhartha, a bhfuil an oiread sin tábhachta léi. Tá míshástacht shuntasach léirithe ag scoileanna leis an socrú reatha agus ba mhaith leo go dtabharfaí aitheantas suntasach breise don eilimint seo sa mheasúnú ... Tá COGG go láidir den tuairim gur riachtanas é go dtabharfaí aitheantas don ghné fhíorthábhachtach seo d'fhoghlaim na teanga. (Aighneacht COGG)

D'áitigh An Gréasán ina aighneacht go mbeadh scrúdú béil ann:

Níl aon amhras ach gur cheart scrúdú béil ceart a thabhairt isteach i scoileanna T1 agus i scoileanna T2 ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí. Chuige seo, ní mór teacht ar chóras a bheadh inghlactha a chinntíonn go ndéanfar measúnú seachtrach ar an scrúdú ionas go rachadh aon

mharcanna ó scrúdú béil i dtreo an mhairc deiridh. Ní mór a chinntiú go mbeadh aitheantas ann don obair labhartha sa ghrád a fhaigheann daltaí ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit. Níl sé sásúil leanacht le rudaí mar atá siad faoi láthair. Ní mór dul i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ar fad i dtaca leis seo. (Aighneacht, An Gréasán)

D'aithin na múinteoirí na dúshláin a bhain le scrúdú cainte seachtrach a eagrú. Go hidéalach, ba mhaith leo go gceapadh Coimisiún na Scrúduithe Stáit scrúdaitheoirí leis na scrúduithe a dhéanamh mar a dhéantar le scrúduithe béil na hArdteistiméireachta. Mura raibh sé sin indéanta mhol na múinteoirí go bhféadfadh na scoileanna scrúdaitheoirí lasmuigh den scoil a cheapadh go háitiúil leis na scrúduithe a dhéanamh. Mura raibh ceachtar den chéad dhá rogha indéanta dúradh go bhféadfadh múinteoirí na scoile a bheith mar agallóirí agus na scrúduithe béil a thaifead ach go ndéanfadh Coimisiún na Scrúduithe Stáit na scrúduithe a mharcáil go seachtrach. Léirigh na múinteoirí go mbeidís solúbtha maidir leis an gcur chuige. Bhí taithí ag cuid mhaith acu ar scrúdaithe cainte roghnacha a dhéanamh roimhe seo mar a mhínigh an múinteoir seo: “Thóg múinteoir eile do rang. Cabhróimid lena chéile. Táimid ag déanamh MRB inár n-am saor ar aon nós. Tugann sé seans níos fearr dóibh [na daltaí]” (Múinteoir T2, Grúpa Fócais).

### *3.6.3 Tacaíocht do chur i bhfeidhm na sonraíochtaí*

Mar a leagtar amach in aighneacht na Cigireachta:

tá clár FGL cuimsitheach, nuálach agus cruthaitheach curtha ar fáil ag An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM), seirbhís tacaíochta de chuid na Roinne Oideachais i dtaca le cur i bhfeidhm na sonraíochtaí. Tá forbairt agus soláthar na gceardlann agus ócáidí eile FGL seo do mhúinteoirí fréamhaithe i ndianphróiseas rannpháirtíoch. Sna próisis chomhoibríocha seo, ina mbíonn guth ag páirtithe leasmhara, áirítear deiseanna do mhúinteoirí atá ag cleachtadh i gcomhthéacsanna T1 agus T2 ar a bheith gníomhach i ndearadh agus in éascú sholáthar na tacaíochta seo. (Aighneacht na Cigireachta)

Chuir an SSM clár forbartha gairmiúil leanúnach aghaidh ar aghaidh ar fáil ar feadh trí bliana chomh maith le himeachtaí roghnacha agus eile chun tacú le múinteoirí. Reáchtáladh ceardlanna ar líne nuair a bhuail an phaindéim mar a rinneadh le gach ábhar don tSraith Shóisearach. Anuas air sin reáchtáladh ceardlanna roghnacha do mhúinteoirí ar a laghad dhá uair sa bhliain. Mar a mhínigh an SSM:

Cuirtear comhairle ar fáil agus freagraítear ceisteanna coitianta reatha ní amháin trí chomhfhreagras díreach le múinteoirí aonair ach freisin trí chor poist rialta chucu siúd atá cláraithe chun cor poist a fháil. Cuirtear múinteoirí ar an eolas faoi cháipéisí uasdátaithe (m.sh. imlitreacha), acmhainní nuadheartha agus imeachtaí atá ag druidim linn tríd an gcóras

giolcaireachta, trí fhógraí ar an rannán ‘Nuacht/Imeachtaí’ ar an suíomh idirlín [www.jct.ie](http://www.jct.ie) agus sna cora poist thuasluaite. (Aighneacht, SSM)


In ainneoin na tacaíochta cuimsithí seo, tháinig tuairimí chun cinn sna grúpaí fócais go raibh na múinteoirí míshásta leis an tacaíocht ionghairme a fuair siad leis na sonraíochtaí a chur i bhfeidhm. Bhí an méid a dúirt na múinteoirí seo a leanas ionadaíoch ar mhúinteoirí eile maidir leis na laethanta inseirbhíse:

Ní raibh aon fhreagraí acu. So cibé ceist a chuir tú orthu, ní raibh siad in ann iad a fhreagairt. Agus ó mo thaithí, ceapaim go raibh níos mó frustrachas ar na múinteoirí mar gheall orthu [na laethanta inseirbhíse]. Éiginnteacht a bhí i gceist arís. (Múinteoir T2, Grúpa Fócais)

Ní raibh said sásta éisteacht linn. Tá tuairimí againne mar mhúinteoirí. Tá fiúntas le rudaí a bheadh le rá againn. (Múinteoir T2, Grúpa Fócais)

Cuireadh ceist ar na múinteoirí faoi na hacmhainní a cuireadh ar fáil le tacú leo na sonraíochtaí Gaeilge a chur i bhfeidhm. Mar a fheictear i bhFíor 34 fuair beagnach leath de na múinteoirí na Samplaí d’Obair na Scoláirí ar [www.curriculumonline.ie](http://www.curriculumonline.ie) cabhrach i leith a múinteoireacht a threorú.

**Fíor 34.** Fuair mé na Samplaí d’Obair na Scoláirí ar curriculumonline.ie cabhrach chun mo mhúinteoireacht a threorú. (n=718)



Ní raibh ach líon beag dóibh sásta leis na hacmhainní a cuireadh ar fáil le tacú leis na sonraíochtaí Gaeilge i gcoitinne. Mar a dúirt múinteoir amháin: “Ní dóigh liom go raibh an nasc cuí ann idir an Roinn, Coimisiúin na Scrúduithe, NCCA, agus an JCT” (Múinteoir T2, Grúpa Fócais). Bhí easpa teacht le chéile ann ó pheirspictíocht na múinteoirí le sonrú i bpróiseas pleanála na sonraíochtaí freisin.

Thagair An Gréasán don phointe seo ina aighneacht:

Ní mór don Roinn Oideachais, CNCM, CSS agus An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí oibriú níos dlúithe le chéile le tacaíocht níos fearr agus acmhainní níos fearr a chur ar fáil do mhúinteoirí. Ba cheart go mbeidís ag oibriú níos dlúithe le chéile le heolas agus tacaíocht a chur ar fáil maidir leis an measúnú, an litríocht, na scrúduithe srl ag an tús, sula gcuirtear i bhfeidhm aon chúrsa. (Aighneacht, An Gréasán)

Bhraith na múinteoirí gur foilsíodh na sonraíochtaí faoi dheifir agus go raibh sé fágtha fúthu iad a chur i bhfeidhm ach gan an tacaíocht chuí a bhí ag teastáil uathu.

Feictear domsa go raibh deifir ar an Roinn Oideachais é seo a chur amach. Ceapaim go bhfuil na spriocanna agus na Torthaí Foghlamtha an-ghinearálta ... an-oscailte ar fad, agus saghas, aistriú díreach déanta ar an gcóras Béarla atá ann agus ag iarraidh é a chur sa Ghaeilge. (Múinteoir T2, Grúpa Fócais)

#### **3.6.4 Fráma Tagartha Comónta Eorpach (FTCE)**

Rinne An Gréasán tagairt don FTCE ina aighneacht.

Cé go luaitear an FTCE le sonraíochtaí na Sraithe Sóisearaí ar bhonn ginearálta, ní léir go bhfuil sé á chur i bhfeidhm go praiticiúil. Luaitear leibhéal B2 leis an gcúrsa T1, ach ní léir go bhfuil an leibhéal seo réadúil do leibhéal na Sraithe Sóisearaí, nuair gurb é leibhéal B2 an leibhéal ar a bhfuil na torthaí foghlama sna hinstiúidí tríú leibhéal bunaithe thart air. Ba cheart taighde cuimsitheach a dhéanamh ar cén leibhéal den FTCE a bheadh réadúil ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí do dhaltaí T1 agus T2, idir ardleibhéal agus gnáthleibhéal. Tá gá le hathbhreithniú a dhéanamh ar oiriúnacht na leibhéal atá luaite faoi láthair. (An Gréasán)

## 4. Tatal

Cuireadh an t-athbhreithniú luath seo ar siúl i dtréimhse a bhí dúshlánach do rannpháirtithe an taighde de bharr na paindéime COVID-19. Bhí sé le sonrú sa taighde go raibh tuairimí láidre ag na rannpháirtithe agus iad uilig tiomanta go mbeadh rath ar an bhfoghlaim san ábhar. Luann an SSM ina haighneacht go raibh sé dúshlánach do mhúinteoirí sna luathbhlianta dul i dtaithí ar shonraíochtaí a bhí bunaithe ar thorthaí foghlama ach go raibh fianaise ann go raibh múinteoirí ag dul i ngleic leo de réir a chéile. Luaigh an Chigireacht ina haighneacht go raibh na sonraíochtaí nua ag dul chun tairbhe do cháilíocht eispéireas foghlama na ndaltaí agus do chleachtas chomhoibríoch múinteoirí i leith na pleanála don fhoghlaim, don teagasc agus don mheasúnú. Moltar cur chuige difriúil sna sonraíochtaí don Ghaeilge T1 agus T2 le hais an chur chuige a bhíodh ann roimhe seo. Tá béim ar chothú agus ar fhorbairt na feasachta: an fheasacht teanga, an fheasacht chultúrtha mar aon le féinfheasacht an scoláire mar fhoghlaiméir teanga.

Bhí teachtaireacht láidir ón líon mór múinteoirí a ghlac páirt sa taighde go gcuireann na sonraíochtaí frustrachas orthu mar nach mbraitheann siad gur féidir leo an Ghaeilge a mhúineadh i mbealach éifeachtach spreagúil a d'fhreastalódh ar chumas a gcuid daltaí. Mothaíonn siad freisin nach bhfuil cluas éisteachta á fháil acu dá gcuid tuairimí. Bhí suim sa Ghaeilge le brath sna daltaí agus sa Ghaeilge labhartha ach go háirithe. Ba é forbairt na scileanna labhartha Gaeilge an ghné den chúrsa ba mhó a spreag iad agus a chuireann siad féin agus na múinteoirí ardluach air. Bhí na daltaí spreagtha chun foghlama nuair a bhí siad i mbun oibre ar ghníomhaíochtaí labhartha. Cheap na daltaí agus na múinteoirí nár chuir na sonraíochtaí dóthain béime ar labhairt na Gaeilge agus gurb í an phríomhchúis leis seo ná an iomarca béime a bheith ar an litríocht. Mar a chonacthas sna rannóga éagsúla thuas, tháinig an téama seo chun cinn go mion minic. D'aithin na daltaí agus na múinteoirí go raibh ról tábhachtach ag an litríocht i bhfoghlaim na Gaeilge ach nach raibh an chothromaíocht cheart ann sna sonraíochtaí mar atá. Mhol siad líon na litríochta a laghdú go mór. Thuairiscigh roinnt múinteoirí go raibh daltaí ag seachaint an ardleibhéal de bharr an méid litríochta atá le déanamh acu. Bunaithe ar aiseolas na múinteoirí agus na ndaltaí, bhí an róbhéim ar an litríocht agus gan dóthain béime ar na scileanna labhartha mar bhac ar dul i ngleic leis an gcur chuige nua. Moltar don CNCM machnamh a dhéanamh ar an mbealach is fearr le freagairt don aiseolas seo le go bhfeicfeadh daltaí agus múinteoirí cothromaíocht sna sonraíochtaí idir na scileanna labhartha agus an litríocht.

Thaitin MRB1 agus MRB2 leis na daltaí ar an iomlán seachas iad siúd gur chuir na tascanna strus orthu. Is ábhar buartha é, bunaithe ar aiseolas na ndaltaí, go mba tasc scríbhneoireachta aistriúcháin a chuir siad de ghlanmheabhair a bhí i gceist do chuid mhaith acu. Theastaigh ó na daltaí go mbeadh marcanna ag dul do na MRBanna sa scrúdú deiridh agus mhol cuid acu go mbeadh scrúdú béil ann. Cé gur aithin



roinnt múinteoirí an coincheap taobh thiar de MRB2 níor chreid siad go raibh sé ag baint a chuspóir amach agus go mba chóir scrúdú béil a thabhairt isteach agus go mbeadh aitheantas don chumas seo ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit sa grád deireanach. Thuig na múinteoirí na dúshláin a bhainfeadh le scrúdú béil seachtrach a eagrú agus chuir siad roghanna éagsúla chun cinn. Cibé socrú a dhéanfaí, bhí beagnach gach múinteoir T2 agus T1 den tuairm go mba chóir MRB amháin agus scrúdú béil a bheith ann in áit dhá MRB agus ceann de na MRB a dhéanamh i mBliain 2. Thacaigh An Chigireacht, COGG agus An Gréasán ina gcuid aighneachtaí go mbogfaí MBR amháin go Bliain 2. Cheap na múinteoirí T2 ach go háirithe nach raibh an Tasc Measúnaithe oiriúnach do na daltaí toisc nach raibh an cumas teanga acu. Bíonn cúltionchar ag an measúnú ar an gcleachtas sa seomra ranga. Dealraíonn sé nach bhfuil na tascanna measúnaithe reatha ag spreagadh an chleachtas ranga is fearr dar leis na múinteoirí agus na daltaí. Cheap an chigireacht go raibh cur chuige níos leithne i leith an mheasúnaithe ag cothú éagsúlacht sna straitéisí measúnaithe fhoirmithigh inranga.

Maidir leis an leanúnachas ón mbunscoil go dtí an tSraith Shóisearach, níor cheap na múinteoirí go raibh na sonraíochtaí in oiriúint do chaighdeán Gaeilge na ndaltaí agus iad ag teacht isteach san iar-bhunscoil. Bhí caighdeán na ndaltaí, dar leo, ró-íseal do spriocanna na sonraíochtaí agus bhain na dúshláin ba mhó le cúrsaí litríochta. D'aontaigh na daltaí leis an tuairim seo agus níor bhraith siad réidh d'ábhar na ranganna. Bhí luas an chúrsa róthapa do chumas an ndaltaí agus ní raibh na múinteoirí in ann freastal ar riachtanais na ndaltaí a raibh riachtanais bhreise oideachais acu. Tá impleachtaí ag an aiseolas seo don chaoi a bhfuil Curaclam Teanga na Bunscoile á chur i bhfeidhm. Bhí fianaise áirithe ann go raibh daltaí ag aistriú ó chúrsa ardleibhéil go chúrsa gnáthleibhéil na Sraithe Sóisearaí de bharr líon na litríochta agus theastaigh ó go leor múinteoirí go mbeadh scrúdú Bonnleibhéil ar fáil. Cheap formhór mór na múinteoirí nach n-ullmhaíonn na sonraíochtaí na daltaí le tabhairt faoi chúrsa na hArdteistiméireachta.

Thuairiscigh an SSM ina haighneacht dul chun cinn maith maidir leis an gclár FGL ó 2017 i leith. Ní raibh na múinteoirí a ghlac páirt sa taighde seo ar aon intinn leis an tuairim seo. Thuairiscigh siad go raibh a lán ceisteanna acu nach raibh aon duine in ann a fhreagairt agus bhraith siad nach raibh aon duine ag éisteacht leo. Chuir sé seo frustrachas mór orthu. Ní raibh siad sásta nár cuireadh ach scrúdpháipéar samplach amháin amach agus gan scéim mharcála a bheith leis. Mhínigh SSM ina haighneacht nach nós le Coimisiún na Scrúduithe Stáit scéim mharcála a chur ar fáil do pháipéar samplach.

I bhfianaise an athbhreithnithe luath seo, tá daltaí, múinteoirí agus páirtithe leasmhara iontach tiomanta go mbeadh rath ar mhúineadh na Gaeilge sa tSraith Shóisearach. Cuireadh aiseolas luachmhar i láthair sa tuarascáil seo maidir leis na sonraíochtaí Gaeilge T1 agus T2. Ní mór anois breathnú ar na bealaí a b'fhearr le freagairt dó.

## 5. Aguisín A: Suirbhé na múinteoirí

---

Bhain an chéad dá cheist le cúrsaí eitice.

C.3 Cé mhéad bliain atá tú ag teagasc?

- 0-5 bliana (1)
- 6-10 mbliana (2)
- 11-15 bliana (3)
- 16-20 bliain (4)
- >20 bliain (5)

C.4 Cén cineál scoile ina múineann tú?

- Iar-bhunscoil trí mheán an Bhéarla (4)
- Iar-bhunscoil Ghaeltachta (7)
- Iar-bhunscoil trí mheán na Gaeilge/Gaelcholáiste (Iasmuigh den Ghaeltacht) (8)
- Aonad iar-bhunscoile (1)

C.5 Cé acu Sonraíocht a mhúineann tú?

- Sonraíocht T1 go príomha (1)
- Sonraíocht T2 go príomha (2)
- Múinim an dá Shonraíocht, T1 agus T2 (3)

C.6 Cé mhéad scoláire atá cláraithe i do scoil/aonad?

- <50 (1)
- 51-100 (3)
- 100-200 (4)
- 200-400 (5)
- >400 (6)

C.7 Cén post atá agat i do scoil faoi láthair? (Roghnaigh gach ceann a bhaineann leat le do thoil.)

- Múinteoir Gaeilge (1)
- Príomhoide (7)
- Príomhoide Tánaisteach (6)
- Ceann na Gaeilge (8)
- Eile (5)

C.8 T2 Sa chuid seo den suirbhé ba mhaith linn go gcuirfeá in iúl cé chomh láidir is a aontaíonn nó a easaontaíonn tú leis na ráitis seo a leanas maidir le do thaithí ag cur Sonraíocht Gaeilge **T2** na Sraithe Sóisearaí i bhfeidhm.

	Aontaím mór	go Aontaím	Easaontaím	Easaontaím go mór
1. Leagan an tSonraíocht amach go soiléir cad atá le foghlaim ag daltaí sa Ghaeilge don tSraith Shóisearach. (152)	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
2. Tógann an tSonraíocht go maith ar a bhfuil foghlamtha ag na daltaí ón mbunscoil (153)	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>

3. Ullmhaíonn an tSonraíocht daltaí le tabhairt faoi chúrsa na hArdteiste. (154)	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
4. Léiríonn na Torthaí Foghlama go cruinn gach a bheidh daltaí in ann a thuiscint is a dhéanamh i leith na Gaeilge, i ndiaidh trí bliana na Sraithe Sóisearaí (155)	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
5. Níl sé éasca foclaíocht na dTorthaí Foghlama a thuiscint. (156)	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
6. Bhí na Torthaí Foghlama cabhrach domsa i leith pleanáil don mhúineadh, foghlaim, measúnú, is tuairisciú. (157)	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
7. Táim sásta le líon na dtorthaí foghlama atá ar fáil sa Sonraíocht. (158)	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
8. Freastalaíonn an tSonraíocht agus na measúnachtaí ar réimse leathan ábaltachta dhaltaí. (159)	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
9. Fuair mé na Samplaí d’Obair na Scoláirí ar curriculumonline.ie cabhrach chun mo mhúinteoireacht a threorú. (160)	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
10. Cabhraíonn an tSonraíocht le daltaí na heochairscileanna atá leagtha amach sa Chreat don tSraith Shóisearach a bhaint amach. (161)	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
11. Is céim chun cinn dearfach é an tSonraíocht reatha Gaeilge i gcomparáid leis an seanchóras. (162)	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
12. Tugadh a dhóthain tacaíochta ionghairme dom leis an tSonraíocht reatha Gaeilge a chur i bhfeidhm. (163)	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>

- |  |                       |                       |                       |                       |
|--|-----------------------|-----------------------|-----------------------|-----------------------|
| 13. Níl a dhóthain acmhainní ar fáil le tacú leis an tSonraíocht reatha Gaeilge. (164)                                   | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> |
| 14. Spreag MRB 1 (An Punann) mé chun straitéisí don teagasc gníomhach/foghlaim ghníomhach a úsáid. (166)                 | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> |
| 15. Níor sholáthar MRB1 mórán aiseolais ar fhoghlaim na scoláirí dom. (167)  | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> |
| 16. Chinntigh MRB1 go mbeadh obair leanúnach thar trí bliana an chúrsa á ndéanamh ag na daltaí. (168)                    | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> |
| 17. Bhí MRB1 cabhrach i leith aiseolas a sholáthar do na daltaí ar a bhfoghlaim féin. (169)                              | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> |
| 18. Bhí MRB2 éifeachtach i leith scileanna Gaeilge labhartha na ndaltaí a fhorbairt. (170)                               | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> |
| 19. Níor spreag MRB2 mé mórán chun straitéisí don teagasc gníomhach/foghlaim ghníomhach a úsáid. (171)                   | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> |
| 20. Tugann MRB2 deis dom foghlaim na scoláirí a mheas. (172)   | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> |
| 21. Ullmhaíonn MRB2 scoláirí le comhrá nádúrtha a dhéanamh le cainteoirí eile lasmuigh den seomra ranga. (173)           | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> |
| 22. Chabhraigh MRB2 leis na daltaí féinmhachnamh a dhéanamh ar a gcuid staidéir. (174)                                   | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> |
| 23. Chabhraigh na MRBanna/Tasc Measúnaithe liom aiseolas cruinn a sholáthar do na scoláirí agus dá dtuismitheoirí. (175) | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> | <input type="radio"/> |

24. Bheadh sé níos fearr ceann de na MRBanna a dhéanamh sa dara bhliain. (176)
25. Ba chóir go mbeadh córas frith-bhradaíola i bhfeidhm le maoirsiú a dhéanamh ar MRB2? (177)
26. Ba chóir liosta d'ábhair phlé éigin a bheith ar fáil do MRB2. (178)
27. Bhí an Tasc Measúnaithe éifeachtach maidir le foghlaim na ndaltaí ardleibhéil a mheas. (180)
28. Bhí an Tasc Measúnaithe éifeachtach maidir le foghlaim na ndaltaí gnáthleibhéil a mheas. (181)
29. Tá an Tasc Measúnaithe ar chaighdeán cuí d'ábaltacht na ndaltaí. (182)
30. Tugann an measúnú agus tuairisciú léargas cabhrach dom ar fhoghlaim an scoláire. (183)
31. Tá an Scrúdpháipéar Samplach sásúil mar atá, sa pháipéar árdleibhéal. (185)
32. Tá an Scrúdpháipéar Samplach sásúil mar atá, sa pháipéar gnáthleibhéal. (186)
33. Níl an Scrúdpháipéar Samplach oiriúnach le foghlaim na ndaltaí a mheas. (187)
34. Spreag an Scrúdpháipéar Samplach mé chun stráitéisí don teagasc ghníomhach/ fhoghlaim ghníomhach a úsáid. (188)

35. Ba chóir go mbeadh aitheantas ann don obair labhartha sa ghrád a fhaigheann daltaí ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit. (189)
36. Níl aon ghá le scrúdú béil a thabhairt isteach mar chuid de mheasúnú na Sraithe Sóisearaí. (190)
37. Ba cheart go mbeadh MRB amháin agus Scrúdú Cainte ann (in áit dhá MRB) (191)
38. Tá a dhóthain ama ar fáil don scoláire sa Scrúdú le gach ceist a fhreagairt ag ardleibhéal. (192)
39. Tá a dhóthain ama ar fáil don scoláire sa Scrúdú le gach ceist a fhreagairt ag gnáthleibhéal. (193)
40. Ba chóir gearrscannáin a mheas mar chuid den chúrsa sa 2ú agus 3ú Bliain (T2) (194)
41. Táim sásta le líon na dtéacsanna atá ar fáil do Shonraíocht T2. (196)
42. Táim sásta le líon na dtéacsanna atá le staidéar do Shonraíocht T2. (197)
43. Táim sásta le caighdeán na dtéacsanna litríochta atá ar fáil do Shonraíocht T2 ag ardleibhéal (198)
44. Táim sásta le caighdeán na dtéacsanna atá ar fáil do Shonraíocht T2 ag gnáthleibhéal (199)
45. Ba mhór an cabhair dom an téacsliosta litríochta i leith pleanáil don mhúineadh, foghlaim, agus measúnú? (200)

46. Tá na leabhair uile ó liosta na dTéacsanna éasca le haimsiú. (201)	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
47. Tá a dhóthain leabhair ar fáil sna canúintí éagsúla. (202)	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
48. Táim sásta leis an Sonraíocht reatha Gaeilge ar an iomlán. (203)	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
49. Tá a dhóthain ama ar fáil leis na scileanna teanga uile (labhairt, scríbhneoireacht, léitheoireacht, éisteacht, idirghníomhú cainte) a fhorbairt mar is ceart. (204)	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>

C.9 T1 Sa chuid seo den suirbhé ba mhaith linn go gcuirfeá in iúl cé chomh láidir is a aontaíonn nó a easaontaíonn tú leis na ráitis seo a leanas maidir le do thaithí ag cur Sonraíocht Gaeilge **T1** na Sraithe Sóisearaí i bhfeidhm.

	Aontaím go mór (1)	Aontaím (2)	Easaontaím (3)	Easaontaím go mór (4)
1. Leagan an tSonraíocht amach go soiléir cad atá le foghlaim ag daltaí sa Ghaeilge don tSraith Shóisearach. (22)	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
2. Tógann an tSonraíocht go maith ar a bhfuil foghlamtha ag na daltaí ón mbunscoil (23)	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
3. Ullmhaíonn an tSonraíocht daltaí le tabhairt faoi chúrsa na hArdteiste. (24)	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
4. Léiríonn na Torthaí Foghlama go cruinn gach a bheidh daltaí in ann a thuiscint is a dhéanamh i leith na Gaeilge, i ndiaidh trí bliana na Sraithe Sóisearaí. (25)	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>



5. Níl sé éasca foclaíocht na dTorthaí Foghlama a thuiscint. (26)	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
6. Bhí na Torthaí Foghlama cabhrach domsa i leith pleanáil don mhúineadh, foghlaim, measúnú, is tuairisciú. (27)	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
7. Táim sásta le líon na dtorthaí foghlama atá ar fáil sa Sonraíocht. (28)	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
8. Freastalaíonn an tSonraíocht agus na measúnachtaí ar réimse leathan ábaltachta dhaltaí. (29)	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
9. Fuair mé na Samplaí d’Obair na Scoláirí ar curriculumonline.ie cabhrach chun mo mhúinteoireacht a threorú. (30)	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
10. Cabhraíonn an tSonraíocht le daltaí na heochairscileanna atá leagtha amach sa Chreat don tSraith Shóisearach a bhaint amach. (31)	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
11. Is céim chun cinn dearfach é an tSonraíocht reatha Gaeilge i gcomparáid leis an seanchóras. (32)	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
12. Tugadh a dhóthain tacaíochta ionghairme dom leis an Sonraíocht reatha Gaeilge a chur i bhfeidhm. (33)	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
13. Níl a dhóthain acmhainní ar fáil le tacú leis an tSonraíocht reatha Gaeilge. (34)	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
14. Spreag MRB 1 (An Punann) mé chun straitéisí don teagasc gníomhach/ foghlaim ghníomhach a úsáid. (36)	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
15. Níor sholáthar MRB1 mórán aiseolais ar fhoghlaim na scoláirí dom. (37)	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>

16. Chinntigh MRB1 go mbeadh obair leanúnach thar trí bliana an chúrsa á dhéanamh ag na daltaí. (38)
17. Bhí MRB1 cabhrach i leith aiseolas a sholáthar do na daltaí ar a bhfoghlaim féin. (39)
18. Bhí MRB2 éifeachtach i leith scileanna Gaeilge labhartha na ndaltaí a fhorbairt. (40)
19. Níor spreag MRB2 mé mórán chun straitéisí don teagasc gníomhach/ foghlaim gníomhach a úsáid. (41)
20. Tugann MRB2 deis dom foghlaim na scoláirí a mheas (42)
21. Ullmhaíonn MRB2 scoláirí le comhrá nádúrtha a dhéanamh le cainteoirí eile lasmuigh den seomra ranga. (43)
22. Chabhraigh MRB2 leis na daltaí féinmhachnamh a dhéanamh ar a gcuid staidéir. (44)
23. Chabhraigh na MRBanna/Tasc Measúnaithe liom aiseolas cruinn a sholáthar do na scoláirí agus dá dtuismitheoirí. (45)
24. Bheadh sé níos fearr ceann de na MRBanna a dhéanamh sa dara bhliain. (46)
25. Ba chóir go mbeadh córas frith-bhradaíola i bhfeidhm le maoirsiú a dhéanamh ar MRB2? (47)
26. Ba chóir liosta d'ábhair plé éigin a bheith ar fáil do MRB2. (48)

27. Bhí an Tasc Measúnaithe éifeachtach maidir le foghlaim na ndaltaí ardleibhéal a mheas (50)
28. Bhí an Tasc Measúnaithe éifeachtach maidir le foghlaim na ndaltaí gnáthleibhéal a mheas (51)
29. Tá an Tasc Measúnaithe ar chaighdeán cuí d'ábaltacht na ndaltaí. (52)
30. Tugann an measúnú agus tuairisciú léargas cabhrach dom ar fhoghlaim an scoláire. (53)
31. Tá an Scrúdpháipéar Samplach sásúil mar atá, sa pháipéar ardleibhéal. (55)
32. Tá an Scrúdpháipéar Samplach sásúil mar atá, sa pháipéar gnáthleibhéal. (56)
33. Níl an Scrúdpháipéar Samplach oiriúnach le foghlaim na ndaltaí a mheas. (57)
34. Spreag an Scrúdpháipéar Samplach mé chun stráitéisí don teagasc ghníomhach/fhoghlaim ghníomhach a úsáid. (58)
35. Ba chóir go mbeadh aitheantas ann don obair labhartha sa ghrád a fhaigheann daltaí ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit. (59)
36. Níl aon ghá le scrúdú béil a thabhairt isteach mar chuid de mheasúnú na Sraithe Sóisearaí. (60)
37. Ba cheart go mbeadh MRB amháin agus Scrúdú Cainte ann (in áit dhá MRB) (61)
38. Tá a dhóthain ama ar fáil don scoláire sa Scrúdú le gach ceist a fhreagairt ag ardleibhéal. (62)

39. Tá a dhóthain ama ar fáil don scoláire sa Scrúdú le gach ceist a fhreagairt ag gnáthleibhéal. (63)

40. Táim sásta le líon na dtéacsanna atá ar fáil do Shonraíocht T1. (65)

41. Táim sásta le líon na dtéacsanna atá le staidéar do Shonraíocht T1. (66)

42. Táim sásta le caighdeán na dtéacsanna litríochta atá ar fáil do Shonraíocht T1 ag ardleibhéal (67)

43. Táim sásta le caighdeán na téacsanna atá ar fáil do Shonraíocht T1 ag gnáthleibhéal (68)

44. Ba mhór an cabhair dom an téacsliosta litríochta i leith pleanáil don mhúineadh, foghlaim, agus measúnú? (69)

45. Tá na leabhair uile ó liosta na dtéacsanna éasca le haimsiú. (70)

46. Tá a dhóthain leabhair ar fáil sna canúintí éagsúla. (71)

47. Tá a dhóthain téacsleabhair ar fáil do scoileanna T1. (72)

48. Táim sásta leis an Sonraíocht reatha Gaeilge ar an iomlán. (73)

49. Tá a dhóthain ama ar fáil leis na scileanna teanga uile (labhairt, scríbhneoireacht, léitheoireacht, éisteacht, idirghníomhú cainte) a fhorbairt mar is ceart. (74)

C.10 T2 Cad iad na buanna atá ag Sonraíocht reatha T2 Gaeilge? Luaigh suas le trí bhua.

---

---

C.11 T2 Cén athruithe a mholfa ar Shonraíocht reatha T2 Gaeilge? Luaigh suas le trí mholadh.

---

---

---

C.10 T1 Cad iad na buanna atá ag Sonraíocht reatha T1 Gaeilge? Luaigh suas le trí bhua.

---

---

---

C.11 T1 Cén athruithe a mholfa ar Shonraíocht reatha T1 Gaeilge? Luaigh suas le trí mholadh.

---

---

---

---

Tá sé i gceist againn grúpaí fócais a eagrú le múinteoirí ionas gur féidir linn níos mó a fhoghlaim faoina dtuairimí maidir le leis na sonraíochtaí Gaeilge? An mbeadh suim agat páirt a ghlacadh i ngrúpa fócais? Má tá cliceáil an nasc seo. Mura bhfuil, cliceáil an saighead ar dheis.

---

## 6. Aguisín B: Ceisteanna do Ghrúpaí Fócais na Múinteoirí

### A) An chúrsa ina iomlán

An gcuireann Sonraíocht na Sraithe Sóisearaí in iúl go soiléir gach atá tábhacht go mbeadh ar eolas ag an dalta, go dtuigfidís, go gcuirfidís luach air, agus gach ab cheart go mbeadh siad in ann a dhéanamh thar thrí bliana na Sraithe Sóisearaí.

1. An bhfuil aon rud ar leith fágtha ar lár? Aon limistéar air ab' mhaith leat béim a leagan?
2. Cad iad na príomh-éachtaí agus na príomh-dúshláin go dtí seo?
3. Cén deiseanna is dúshláin a bhí agat agus d'fhoireann ábhair i leith na Torthaí Foghlama a úsáid chun pleanáil don mhúineadh, foghlaim, measúnú, is tuairisciú?
4. Agus sibh i mbun múineadh ar an tSraith nua, an raibh aon mhodheolaíocht nua sa teagasc agaibh?

### B) Measúnú: Measúnuithe Rangbhunaithe (MRB) agus Tasc Measúnaithe

5. Cad é do mheas ar na tuairiscín deiridh?  
Ar bhain tú úsáid as an Obair shamplach dhaltaí ar [www.curriculumonline.ie](http://www.curriculumonline.ie)?

-An raibh aon tionchar aige ar do mhúineadh?

-Aon mholtaí nó rudaí tógtha faoi ndeara agaibh maidir leo?

-Caighdeán, treoir do chruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, bailiúchán samplaí sna scoileanna?

6. An bhfuil aon aiseolas agat maidir le cur síos na MRB sna Treorlínte Measúnaithe?  
Cad é do mheas ar na MRB, ó thaobh a n-éifeachtacht sa rang?
7. Cén aiseolas a bheadh agat ar do thaithí ar a bheith páirteach i gcruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair?
8. Cad iad na príomh-éachtaí agus na príomh-dúshláin go dtí seo, i leith an 'Tasc Measúnaithe'?  
(Más rud é gur thug sibh faoi, go dtí seo.)

### C) Scrúdpháipéir agus Téacsliostaí:

9. Cad iad na príomh-éachtaí agus na príomh-dhúshláin i leith an Pháipéir Shamplach a eisíodh?
10. An bhfuil an páipéar scrúdaithe sásúil anois i do thuairim, maidir le roinnt an tsaothair thar na rannóg éagsúil den gcúrsa, agus ó thaobh ama de?
11. An dtugann na téacsliosta agus an Forbhreathnú cúrsa soiléireacht ó thaobh an réimse téacsanna agus na roghanna atá ar fáil do mhúinteoirí/daltaí?

-An bhfuil aon aiseolas agaibh ar an liosta molta don chéad bhliain?

-Cad a cheapann sibh faoi seo (liosta molta in áit liosta dualgais)?

D) Aistriú:

12. An bhfuil aon tuairimí eile go mba mhaith libh a roinnt maidir le Sonraíocht na Sraithe Sóisearaí?
13. An dtógann an tSonraíocht ar a bhfuil ar eolas ag daltaí faoin nGaeilge ón mbunscoil?
14. Cé chomh éifeachtach is atá an tSonraíocht ó thaobh daltaí a chur ar a gcumas an Ghaeilge a fhoghlaim sa tSraith Shinsearach?
15. Cé na himpleachtaí a bhí ag Covid-19 ar bhur dteagasc/ ar an bhfoghlaim?

## 7. Aguisín C: Ceisteanna do Ghrúpaí Fócais na nDaltaí

### A) An cúrsa go ginearálta

1. Cad is mó a thaitin leat faoi Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí? Cén fáth?

What did you like most about Junior Cycle Irish? Why?

2. Cad is lú a thaithin leat faoi Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí? Cén fáth?

What did you like least about Junior Cycle Irish? Why?

3. Cad a chabhraigh leat an Ghaeilge a fhoghlaim?

-Conas go bhféadfaí foghlaim sa rang a fheabhsú?

What helped you to learn Irish? -How could learning in class be improved?

### B) Measúnú:

-MRBanna agus Tasc Measúnaithe

4. Ba bhreá liom cloisint faoi do thaithí leis na Measúnuithe Rangbhunaithe (MRB).

1. -Cad a thaithin/nár thaitin leat fúthu?
2. -Cén comhairle a chuirfeá ar dhaltaí Bliain 2 /3 faoi na MRB?

Your experience of the Classroom-Based Assessments (CBAs), what you liked/ disliked? What advice would they give incoming 2nd/3rd years about CBAs?

ar cóir ceann de na MRBanna a dhéanamh sa Dara bhliain?

ar cóir na MRBanna a nascadh le marcanna na scrúduithe, i do thuairim?

5. Ar thug tú faoin Tasc Measúnaithe? (Más rud é go ndearna siad é)

- a. Ar chabhraigh sé leat an Ghaeilge a fhoghlaim?
- b. An bhfuair tú deachar é?

Did you engage with the Assessment Task? Did it help you in learning Irish? Challenging?

### C) Téacsliosta agus an Scrúdpháipéar:

6. Cad a cheap tú faoi na téacsanna éagsúla a bhí idir lámha agat? (scéalta, amhráin, dánta...)

-Cad a thaitin leat ach go háirithe / nár thaitin leat?

-Conas a roghnaíodh na téacsanna? An raibh ról agat sa chinneadh?



- An raibh tú sásta leis an rogha?

What did you think of the various texts that you considered (shórt stories, songs, poetry...)

-What did you particularly enjoy/not enjoy.

-How were the texts chosen? Did you have any say in the matter?

-Were you happy with the choices made?

7. Ar bhain sibh úsáid as aon Pháipéar Samplach / Triail Scrúduithe.

(Más rud é go ndearna)

-An raibh siad cabhrach duit?

-An raibh tú ullamh dóibh?

Did you make use of a sampla Paper / Mock Examination? (if so)

-did you find them helpful? -Were you ready for the exams?

8. Cluastuiscint

9. Ar cóir Scrúdú Béil a bheith ann?

-Más ea, conas a thabharfá isteach é?

D) Aistriú/Dul chun cinn

8. Conas mar a bhí an aistear ó a bheith ag foghlaim na Gaeilge sa bhunscoil go dtí Gaeilge san iar-bhunscoil?

How was the transition from learning Irish in primary to post-primary school?

-Conas a bhí foghlaim na Gaeilge sa bhunscoil difriúil?

How was the learning of Irish different in Primary School?

9. \*Aistriú go dtí an Sraith Shinsearach – Ar ullmhaigh Clár na Sraithe Sóisearaí tú don chúrsa atá ar bun anois don Sraith Shínsearach. (\*Ceist do dhaltáí Bl. 5)

Transition to Irish at Senior Cycle(SC) – how has the JC programme prepared you for SC?

10. Impleachtaí Covid ar an bhfoghlaim?

Effects of Covid-19 on your learning?

11. An bhfuil aon tuairimí eile go mba mhaith libh a roinnt maidir le Gaeilge na Sraithe Sóisearaí?

Have you any other comments you would like to add regarding the Junior Cycle Irish?

